

Topaic-
Shonrach

Treoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta

do Sholáthraithe Chláir Oideachais sa Bhéarla



Dearbhú Cáilíochta
agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and
Qualifications Ireland

Topaic-Shonrach

Treoirínite Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta do Sholáthraithe Chláir Oideachais sa Bhéarlas

Section	Title	Leathanach
ROINN 1:	CÚLRA REACTACH	7
1.1	Cúlra leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint)2012	7
1.2	Cóid Chleachtais Reachtúla	7
1.3	Treoirínite Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta do Sholáthraithe Chláir Oideachais sa Bhéarla Soláthraithe Oideachais	8
1.3.1	Cad is Cuspóir do na Treoirínite Reachtúla DC do Sholáthraithe ELE?	8
ROINN 2:	TREOIRÍNITE REACTÚLA UM DHEARBHÚ CÁILÍOCHTA DO SHOLÁTHRAITHE CHLÁIR OIDEACHAIS SA BHÉARLA	9
2.1	Struchtúir Eagraíochtúla	9
2.1.1	Struchtúir eagraíochtúla agus riaracháin	9
2.1.2	Foireann riaracháin	9
2.1.3	Córais riaracháin	10
2.1.4	Cumarsáid	10
2.2	Bainistíocht agus rialú an Dearbhaithe Cáilíochta	10
2.2.1	Córais dhearbhaithe cáilíochta	10
2.2.2	Beartais agus gnásanna um dhearbhu cáilíochta	11
2.2.3	Athbhreithnithe dhearbhaithe cáilíochta	12
2.3	Struchtúir Bhainistíochta Acadúla	13
2.3.1	Cáilíochtaí agus Taithí	13
2.3.2	Cumarsáid	13
2.3.3	Clárforbairt	13
2.3.4	Ábhair acadúla	14
2.3.5	Freastal ar sheisiúin mhionteagaisc agus ar chomhdhálacha	14
2.3.6	Bainistíocht acadúil oibríochtúil	14
2.3.7	Múineadh agus Foghlaim	15

2.3.8	Pleanáil ceachtanna	15
2.3.9	Seachadadh ceachtanna	16
2.3.10	Soláthar ar líne	17
2.3.11	Monatóireacht ar phleanáil agus ar sheachadadh ceachtanna	17
2.4	Dearadh Clár	17
2.4.1	Dearadh curaclaim agus siollabais	17
2.4.1.1	Dearadh curaclaim	18
2.4.1.2	Dearadh siollabais	18
2.4.1.3	Athbhreithniú ar churaclaim, siollabais agus cláir chúrsa/ scéimeanna oibre	19
2.4.2	Córais mheasúnaithe	19
2.4.2.1	Cineálacha measúnaithe	20
2.4.2.2	Ionracas agus slándáil acadúil	20
2.4.2.3	Eolas ar ghnásanna measúnaithe	21
2.4.3	Ionaid oiliúna do mhúinteoirí agus dearadh clár	21
2.4.4	Forbairt na foirne acadúla agus dearadh clár	21
2.5	Tacaíochtaí agus Seirbhísí d’Fhoghlaimeoirí Idirnáisiúnta	22
2.5.1	Treoshuíomh agus ionduchtú foghlaimeoirí	22
2.5.2	Foghlaimeoirí a dteastaíonn víosaí iontrála agus/nó cead inimirce uathu	23
2.5.3	Tacaíochtaí acadúla	23
2.5.4	Clár Imeachtaí	23
2.5.5	Gnásanna scoir d’fhoghlaimeoirí rollaithe	24
2.6	Tacaíochtaí agus Forbairt Foirne	24
2.6.1	Gnásanna ionduchtaithe	24
2.6.2	Ionduchtú don fhoireann acadúil	25
2.6.3	Imeachtaí sóisialta do mhic léinn – ionduchtú foirne	25
2.6.4	Oiliúint agus forbairt foirne	26
2.6.5	Oiliúint agus forbairt don fhoireann riaracháin	26
2.6.6	Oiliúint agus forbairt don fhoireann acadúil	26
2.6.7	Oiliúint agus forbairt don fhoireann díolachán agus margaíochta	26
2.6.8	Athbhreithnithe ar fheidhmíocht	28

Iarscríbhinn a hAon: Treoirínte do Sholáthraithe ELE ar Ailíniú Chláir Oideachais sa Bhéarla leis an gCreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CCTE) 28

1	Réamhrá	28
2	Cúlra leis an CCTE	29
3	Ailíniú Curaclaim agus Siollabais leis an CCTE	32

4	Cinntí a theastóidh sula dtosaítear an Próiseas Ailínithe	34
5	Samhlacha Ailínithe: Samhail A agus Samhail B	38
	Gluais Téarmaí arna n-úsáid sna Treoirlínte seo	46
	Tagairtí agus Léitheoireacht Bhreise	48
	Uirlisí Tagartha	49
	Aguisín a hAon: Ceisteanna le cur sula dtosaítear an Próiseas Ailínithe	50
	Aguisín a Dó: Samhlacha A agus B – Sampla de Ghníomhaíocht Taitheochta	51
	Aguisín a Trí: Samhail A – Teimpléad Samplach do Shonrú	52
	Aguisín a Ceathair: Samhail A – Sampla de Chaighdeánú	53
	Aguisín a Cúig: Samhail B – Sampla de Shonrú	56
	Aguisín a Sé: Samhail B – Sampla de Chaighdeánú	57
	Iarscríbhinn a Dó: Treoirlínte do Mheasúnú i gCláir Oideachais sa Bhéarla	58
1	Réamhrá	58
2	Cineálacha cur chuige i leith an Mheasúnaithe	59
3	Prionsabail an Mheasúnaithe	61
4	Tacú le Measúnú Éifeachtach	64
	Gluais	78
	Tagairtí	78
	Tagairtí Breise	79
	Aguisín a hAon: 3.1 Comhdhéanamh a Mheas	80
	Aguisín a Dó: 3.1 Saincheisteanna Bailíochtaí agus lontaofachta a Shamhlú le Cineálacha Measúnuithe ar Scileanna Táirgthe	81
	Aguisín a Trí: 3.2 Ailíniú idir an CCTE agus Dearadh Measúnuithe	83
	Aguisín a Ceathair: 3.2 Inniúlachtaí a Shainiú i Scríbhinn	84
	Aguisín a Cúig: Aiseolas a Thabhairt do Dhaltaí	85

ROINN 1: CÚLRA REACTACH

1.1 Cúlra an Achta um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012

Bunaíodh QQI (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann) i Samhain 2012 leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012. Leagtar amach in Acht 2012 feidhmeanna QQI, lena n-áirítear cód cleachtais a bhunú chun cláir oideachais agus oiliúna a sholáthar d'fhoghlaimo irí idirnáisiúnta, agus údarú marc oideachais idirnáisiúnta (IEM).

Leasaíodh Acht 2012 leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (Leasú), 2019. Is d'Acht 2012 arna leasú a dhéanfar tagairtí maidir le reachtaíocht as seo amach.

Foráiltear le hAcht 2012 arna leasú go bhfoilseoidh QQI cód cleachtais i cibé foirm agus modh is cuí leis, agus go bhféadfaidh forálacha éagsúla a bheith san áireamh ann maidir le soláthraithe nó soláthraithe ranganna difriúla.

1.2 Cóid Chleachtais Reachtúla

Is é beartas QQI dhá chód cleachtais maidir le soláthraithe in aicmí difriúla:s:

- ceann do sholáthraithe ardoideachais (Cód AO)
- ceann do sholáthraithe chláir oideachais sa Bhéarla (Cód ELE).

Tá na cóid chleachtais mar chuid de shraith beart, dá bhforáiltear in Acht 2012 arna leasú, atá deartha chun leasanna foghlaimoírí idirnáisiúnta¹ a bhaineann le córas oideachais agus oiliúna na hÉireann a chosaint. Is é cuspóir an Chóid ELE a chinntiú go bhfaigheann foghlaimoírí idirnáisiúnta a fhreastalaíonn ar institiúidí ELE a léirigh go bhfuil an Cód ELE á chomhlíonadh acu, agus a bhfuil údarú faighte acu chun an IEM a úsáid, eispéreas foghlama comhsheasmhach ar ardchaighdeán.

Soláthraithe ELE a earcaíonn foghlaimoírí idirnáisiúnta sa Stát ar chláir ELE, ní mór dóibh cloí leis an gCód ELE chun údarú a fháil ó QQI chun an IEM a úsáid. Deimhneoidh comhlíonadh an Chóid ELE ag soláthraí, agus úsáid údaráithe an IEM, cáilíocht an tsoláthraí, cáilíocht a chláir ELE, agus cáilíocht eispéreas an fhoghlaimoira ar na cláir sin.

1 Sainmhíneann alt 2(1) d'Acht 2012 arna leasú foghlaimoírí idirnáisiúnta 'mar dhuine nach saoránach Éireannach é ach atá go dleathach sa stát chun oideachas agus oiliúint a fháil'. Maidir le cóid chleachtais a bhunú chun gur féidir le QQI soláthraithe a údarú chun an marc oideachais idirnáisiúnta a úsáid, sainmhínear tuilleadh le halt 60(1) den Acht céanna foghlaimoírí idirnáisiúnta mar dhuine: atá sa stát cláraithe ar chlár as a leanann dámhachtain atá san áireamh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC); nó atá sa stát cláraithe ar chlár oideachais sa Bhéarla; nó ar foghlaimoírí lasmuigh den stát é atá cláraithe ar chlár as a leanann dámhachtain a chuimsítear laistigh den CNC. Ar mhaithe leis an gCód ELE seo a bhunú mar aon le ról QQI maidir le húdarú a thabhairt do sholáthraithe ELE an IEM a úsáid, áirítear sna sainmhíneithe seo gach catagóir d'fhoghlaimoírí idirnáisiúnta atá rollaithe ar chláir ELE ag soláthraithe ELE, mar atá leagtha amach thíos: foghlaimoírí neamh-AE/LEE/Eilvéiseacha atá cláraithe ar chláir ELE, ar chláir bhonnbhliana agus ar chláir oiliúna múinteoirí a mhaireann 12+ seachtain; foghlaimoírí neamh-AE/LEE/Eilvéiseacha atá cláraithe ar chláir ELE, bonnchláir agus ar chláir oiliúna do mhúinteoirí a mhair níos lú ná 12 sheachtain; foghlaimoírí de chuid an AE/LEE/na hEilvéise atá cláraithe ar chláir ELE, bonnchláir agus cláir oiliúna do mhúinteoirí d'aon fhaid.

1.3 Treoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta do Sholáthraithe Chláir Oideachais sa Bhéarla

Leagtar amach go hachomair sa doiciméad seo na Treoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta a bhunaigh QQI do sholáthraithe chláir oideachais sa Bhéarla. Is treoirlínte ‘reachtúla’ iad na treoirlínte seo: faoi Acht 2012 arna leasú, ceanglaítear ar QQI treoirlínte um dhearbhú cáilíochta a fhoilsiú. Ceanglaíonn Acht 2012, arna leasú, ar sholáthraithe “féachaint do” threoirlínte um dhearbhú cáilíochta QQI agus a gnásanna dearbhaithe cáilíochta féin á mbunú acu. Tá na prionsabail atá mar bhonn agus taca leis na treoirlínte seo leagtha amach i [mBeartas QQI ar Threoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta](#). ✎

Forlíonann na Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta (DC) seo do Sholáthraithe ELE na Croí-threoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta, atá infheidhme maidir le gach soláthraí, agus cuireann siad leis na croí-threoirlínte trí dhíriú ar riachtanais níos sainiúla DC na soláthraithe ELE.

Ba cheart do sholáthraithe ELE na Treoirlínte DC seo do sholáthraithe ELE a léamh i gcomhar leis an gCód ELE. Ba cheart iad a léamh freisin i gcomhar le Beartas QQI um Threoirlínte Reachtúla DC agus na Treoirlínte Reachtúla DC seo a leanas ó QQI

1. [Croí-Threoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta arna gcur i dtoll a chéile ag QQI d’úsáid na Soláthraithe uile](#) ✎
2. [Treoirlínte Reachtúla Sain-Earnála um Dhearbhú Cáilíochta arna gcur i dtoll a chéile ag QQI d’úsáid Soláthraithe Neamhspleácha/Príobháideacha a thagann chuig QQI ar Bhonn Deonach](#) ✎

1.3.1 Cad is Cuspóir do na Treoirlínte Reachtúla DC do Sholáthraithe ELE?

Dírítear sna treoirlínte seo ar chúraimí sholáthraithe ELE ó thaobh teacht a fháil ar fheidhmeanna reachtúla agus rialála QQI. Leagtar amach iontu treoirlínte CC a bhaineann go sonrach le soláthraithe ELE a thagann chuig QQI ar bhonn deonach ag iarraidh údarú chun an IEM a úsáid. Soláthraithe ELE is ea a úsáideann iad, mar aon le Cód Cleachtais ELE, agus

- beartais agus gnásanna um dhearbhú cáilíocht á ndearadh, a gcur chun feidhme agus a n-athbhreithniú;
- a gcuraclaim, siollabais agus cláir chúrsa/scéimeanna oibre a athbhreithniú de réir an Chreata Chomhchoitinn Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CCTE);

Níl na treoirlínte seo ceaptha leis an tslí a gcuireann soláthraithe ELE a gcuid oibre i gcrích ná a reáchtáiltear a n-eagraíochtaí a rialú, ná níos chóir féachaint orthu mar lámhleabhar ‘conas’ do sholáthraithe ELE ar an tslí lena gcuid gnásanna DC a bhunú. Ina ionad sin, is faoi sholáthraithe ELE atá sé córas cáilíochta inmheánach a bhunú a oireann dá gcomhthéacs aonair agus trína n-ionchorpraítear gnásanna oibriúcháin DC agus córas athbhreithnithe chun monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na gnásanna sin.

ROINN 2: TREOIRLÍNTE REACHTÚLA UM DHEARBHÚ CÁILÍOCHTA DO SHOLÁTHRAITHE CHLÁIR OIDEACHAIS SA BHÉARLA

Cuimsítear sna treoirlínte seo straitéis maidir le dearbhú cáilíochta a bheidh le comhlíonadh ag soláthraithe ELE arna n-eagrú faoi na catagóirí seo a leanas:

- Struchtúir Eagraíochtúla;
- Bainistíocht agus Rialú an Dearbhaithe Cáilíochta
- Struchtúir Bhainistíochta Acadúla
- Dearadh Clár;
- Tacaíochtaí agus Seirbhísí d’Fhoghlaimeoirí Idirnáisiúnta
- Tacaíochtaí agus Forbairt Foirne

2.1 Struchtúir Eagraíochtúla

2.1.1 Struchtúir eagraíochtúla agus riaracháins

- (a) Tá ráiteas misin ann, a fhéadfaidh cur síos a dhéanamh freisin ar chroíluachanna agus cuspóirí an tsoláthraí ELE.
- (b) Tacaíonn an chart eagraíochtúil le bainistiú oibríochtúil éifeachtach an tsoláthraí ELE i ngach réimse den bhainistíocht eagraíochtúil, riaracháin agus acadúil.
- (c) Tá struchtúir bhainistíochta eagraíochtúla, riaracháin agus acadúla soiléir, trédhearcach, oiriúnach do mhéid an tsoláthraí ELE, inoiriúnaithe de réir mar is gá agus intuigthe ag baill foirne, foghlaimeoirí, gníomhairí oideachais, comhpháirtithe earcaíochta, comhairleoirí agus príomhpháirtithe leasmhara eile.
- (d) Tá freagrachtaí agus struchtúir bhainistíochta líne i measc na mball foirne riaracháin agus acadúil, agus na foirne riaracháin agus acadúla, soiléir, trédhearcach, éifeachtach agus intuigthe ag an bhfoireann ar fad.
- (e) Déantar pleanáil straitéiseach eagraíochtúil agus oibriúcháin go tréimhsiúil agus tacaíonn sí le cuspóirí forbartha agus feabhsaithe an tsoláthraí ELE.

(Féach an Cód ELE, roinn 6, Bainistíocht Oibriúcháin, Riosca agus Acmhainní Daonna, agus Aguisín a Ceathair, ina bhfaighfear sonraí na riachtanas don fhoireann acadúil.)

2.1.2 Foireann riaracháin

- (a) Comhlíonann próifíl na foirne riaracháin riachtanais an tsoláthraí ELE agus tá gach ball foirne riaracháin cáilithe/oilte go cuí agus an taithí riachtanach acu dá ról.

- (b) Tá foireann riaracháin i bhfeidhm ag gach ionad² atá i gcomhréir le méid agus feidhmeanna an lárionaid agus le líon reatha na bhfoghlaimoírí rollaithe atá i láthair sa lárionad le linn uaireanta oibríochtúla.

2.1.3 Córais riaracháin

- (a) Tá córas bainistíochta i bhfeidhm chun tacú le hoibríochtaí éifeachtacha riaracháin, rollaithe agus bainistíochta acadúla, chomh maith le bainistíocht ar mhonatóireacht inmheánach agus soláthar faisnéise agus sonraí riachtanacha, de réir mar is gá. Cuirtear oiliúint ar gach ball foirne in úsáid an chórais seo de réir mar a bhaineann lena ról.
- (b) Tá córais bhainistíochta sonraí, lena n-áirítear sonraí ar an gcóras bainistíochta scoile

2.1.4 Cumarsáid

- (a) Tá freagrachtaí agus struchtúir bhainistíochta líne i measc na mball foirne riaracháin agus acadúil, agus na foirne riaracháin agus acadúla, soiléir, trédhearcach, éifeachtach agus intuigthe ag an bhfoireann ar fad.
- (b) Bíonn cumarsáid rialta, doiciméadaithe i measc na foirne bainistíochta agus idir na foirne bainistíochta, riaracháin agus acadúla. Déanann foirne riaracháin agus acadúla comhordú agus cumarsáid éifeachtach.
- (c) Buailleann baill foirne lena mbainisteoir líne go tréimhsiúil chun a ról, a bhfeidhmíocht agus a riachtanais oiliúna agus forbartha a phlé, agus chun treoir agus tacaíocht a fháil, de réir mar is gá, agus déantar na cruinnithe seo a dhoiciméadú.

2.2 Bainistíocht agus Rialú an Dearbhaithe Cáilíochta

2.2.1 Córais dhearbhaithe cáilíochta

- (a) Tá beartais dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm ag soláthraithe ELE a bhíonn mar bhonn eolais faoi ghnásanna um dhearbhú cáilíochta i ngach réimse den eagraíocht a bhainistiú agus a chur i dtoll a chéile.
- (b) Tá Oifigeach Dearbhaithe Cáilíochta tiomnaithe agus oilte go cuí ann atá freagrach as beartas agus gnásanna um dhearbhú cáilíochta soláthraithe a fhorbairt, a leabú agus a bhainistiú ar fud na heagraíochta, chomh maith le feabhas a chur ar sholáthar

² Chun críocha an Chóid ELE a bhunú agus údarás QQI maidir le soláthraithe ELE a údarú chun an IEM a úsáid, is é seo a leanas an sainmhíniú ar 'lárionad' i gcomhthéacs ELE: sainmhíniú lárionad soláthraí ELE mar an t-áitreabh ina bhfuil na príomhfheidhmeanna riaracháin agus acadúla suite. Féadfaidh an lárionad príomha feidhmiú as foirgneamh amháin nó níos mó laistigh den bhaile nó den chathair céanna ach ní fhéadfaidh ach lárionad príomha amháin a bheith ag soláthraí ELE laistigh de bhaile nó cathair amháin. Ní mór feidhmeanna agus foirne riaracháin agus acadúla a mhacasamhlú i ngach foirgneamh de réir mar a oireann do riachtanais foghlaimoírí agus foirne. Sainmhíniú lárionad sealadach mar lárionad a úsáidtear ag amanna áirithe den bhliain e.g. i rith an tsamhraidh, bíodh sé laistigh den bhaile nó den chathair céanna nó i mbaile nó cathair eile sa stát. Ní mór feidhmeanna agus foirne riaracháin agus acadúla a lonnú i lárionaid shealadacha de réir mar is cuí do riachtanais an fhoghlaimoírí agus na foirne. Sainmhíniú seomraí ranga sealadacha mar spásanna atá oiriúnach chun ELE a sholáthar go sealadach de réir mar is gá. Ní mór feidhmeanna riaracháin agus acadúla a oireann do riachtanais foghlaimoírí agus foirne a bheith suite san fhoirgneamh céanna leis na seomraí ranga sealadacha, nó sa lárionad príomha. Ní mór seomraí ranga sealadacha a bheith suite laistigh de chiliméadar amháin ón lárionad príomha. Sainmhíniú lárionad ar bith atá suite i mbaile nó cathair eile go dtí an lárionad príomha mar lárionad ar leith.

ELE agus seirbhísí gaolmhara, de réir mar is gá agus is cuí. Féadfaidh ról an Oifigigh um Dhearbhú Cáilíochta a bheith mar chuid de ról eile de chuid ball foirne. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil forbairt agus bainistíocht dearbhaithe cáilíochta mar chuid d'fheidhmeanna gach ball foirne, a bhaineann lena ról sainiúil, agus leis an eagraíocht ar fad.

- (c) Tá beartais agus gnásanna DC an tsoláthraí ELE ailínithe le misean agus cuspóirí straitéiseacha an tsoláthraí agus déantar iad a chur i dtoll a chéile, a neadú agus a bhainistiú ar bhonn tras-eagraíochta, le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha inmheánacha agus seachtracha.
- (d) Tá acmhainní oiriúnacha inbhuanaithe ag soláthraithe ELE chun tacú le beartais agus gnásanna DC, oibríochtaí, soláthar ELE agus le gach seirbhís a chuireann an soláthraí ELE ar fáil.

2.2.2 Beartais agus gnásanna um dhearbhú cáilíochta

- (a) Tá beartais agus nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta i bhfeidhm ag soláthraithe ELE chun cosaint na bpríomhpháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha a chinntiú agus chun tacú le hoibríochtaí agus le forbairt éifeachtach.
- (b) Féadfaidh na réimsí seo a leanas a bheith san áireamh i mbeartais agus i ngnásanna DC, ach gan a bheith teoranta dóibh:
 - (i) (i)Rialachas corparáideach agus acadúil
 - (ii) Bainistíocht agus oibríochtaí;
 - (iii) Inbhuanaitheacht comhshaoil;
 - (iv) Sláinte agus sábháilteacht;
 - (v) Clárú, táillí, aisíocaíochtaí agus cothabháil;
 - (vi) Leas agus tacaí foghlaiméora;
 - (vii) Gearáin agus casaoidí foghlaiméoirí agus páirtithe leasmhara eile;
 - (viii) Seirbhísí lóistín, nuair a thairgtear iad;
 - (ix) Cosaint leanaí;
 - (x) Acmhainní daonna;
 - (xi) Leas agus tacaí foirne;
 - (xii) Oiliúint agus forbairt foirne;
 - (xiii) Gearáin agus casaoidí foirne;
 - (xiv) Comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú;
 - (xv) Dearadh curaclaim, siollabais, clár agus measúnaithe, bainistíocht agus athbhreithnithe cáilíochta;
 - (xvi) Seirbhísí dámhachtana agus deimhniúcháin, nuair a thairgtear iad;
 - (xvii) Sláine acadúil;
 - (xviii) Intleacht shaorga;
 - (xix) Margaíocht agus earcaíocht eiticiúil;
 - (xx) Meastóireacht ar sholáthar agus ar sheirbhísí ELE.

- (c) Bíonn beartais agus gnásanna DC mar bhonn eolais le cinntí faoi athruithe a dhéanamh in eagraíocht chun gur féidir leis soláthar ELE, seirbhísí agus oibríochtaí eile a fhorbairt agus a bhreisiú tuilleadh.
- (d) Dearthar beartais agus gnásanna DC a dhearadh i gcomhairle le gach ball foirne a bhfuil baint acu lena gcur i bhfeidhm agus lena mbainistíocht agus déantar iad a nuashonrú agus a fheabhsú go tréimhsiúil, agus de réir mar is gá.

2.2.3 Athbhreithnithe dearbhaithe cáilíochta

- (a) Eagraítear féinmheasúnuithe tréimhsiúla ina ndéantar athbhreithniú agus luacháil ar gach réimse den eagraíocht agus ina dhiaidh sin déantar beart cuí nuair is gá chun forbairt agus feabhsú cáilíochta a chinntiú.
- (b) Táirgeann soláthraithe ELE tuarascáil féinmhonatóireachta gach 18 mí, i.e., ag pointe lár na sraithe sa tréimhse trí bliana d'údarú IEM. Sa tuarascáil seo, déantar cur síos ar ghníomhaíochtaí, forbairtí agus feabhsuithe le linn na tréimhse 18 mí seo agus pleananna le haghaidh na chéad tréimhse 18 mí eile. Cuirtear an tuarascáil faoi bhráid QQI.
- (c) Tá gnásanna i bhfeidhm a chuireann ar chumas foghlaimoirí, baill foirne agus páirtithe leasmhara eile an soláthraí ELE a mheas. Bíonn an mheastóireacht éagsúil ó thaobh cineáil agus bailítear é mar gheall ar réimsí mar, ach gan a bheith teoranta do:
 - (i) áitreabh agus áiseanna;
 - (ii) bainistíocht eagraíochtúil;
 - (iii) soláthar ELE;
 - (iv) clár imeachtaí;
 - (v) lóistín agus lónadóireacht, nuair a thairgtear iad;
 - (vi) seirbhísí eile a thairgtear;
 - (vii) forbairtí agus feabhsuithe;
 - (viii) forbairt foirne agus coinníollacha.
- (d) Úsáidtear sonraí a bhailítear ó chineálacha éagsúla meastóireachta agus aiseolais chun tacú le cinnteoireacht maidir le pleanáil, forbairt agus feabhsú eagraíochtúil straitéiseach, agus mar bhonn eolais do chláir amach anseo.
- (e) Láithreach a dhéantar saincheisteanna aitheanta a réiteach. Ar an ábhar sin, moltar aiseolas tosaigh a bhailiú ó fhoghlaimoirí le linn na chéad seachtainí den chlár chun fadhbanna féideartha a réiteach chomh luath agus is féidir.

(Féach an Cód ELE, roinn 6, Bainistíocht Oibríochtúil, Bainistíocht Riosca agus Acmhainní Daonna, roinn 7, Dearadh Clár, roinn 8, Tacaí agus Seirbhísí d'Fhoghlaimoirí Idirnáisiúnta, roinn 9, Margaíocht agus Earcaíocht agus roinn 10, Clárú, Táillí, Aisíocaíochtaí agus Cothú,)

2.3 Struchtúir Bhainistíochta Acadúla

2.3.1 Cáilíochtaí agus Taithí

Comhlíonann próifíl na foirne riaracháin riachtanais na heagraíochta agus tá gach ball foirne den fhoireann acadúil cuícháilithe, agus an taithí chuí acu, nuair is gá, dá ról.

(Féach an Cód ELE, roinn 6, Bainistíocht Oibriúcháin, Riosca agus Acmhainní Daonna, agus Aguisín a Ceathair, ina bhfaighfear sonraí na riachtanas don fhoireann acadúil.)

2.3.2 Cumarsáid

(a) Bíonn cumarsáid rialta, doiciméadaithe i measc na foirne bainistíochta acadúla agus i measc bainisteoirí acadúla, oiliúnóirí agus múinteoirí. Áireofar ar na treoracha seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- (i) cruinnithe rialta riaracháin acadúil chun sceidil a dheimhniú agus chun monatóireacht a dhéanamh ar thinreamh agus rannpháirtíocht foghlaimeoirí;
- (ii) roghnú, cur chun feidhme agus bainistiú ábhar agus acmhainní;
- (iii) athbhreithniú agus forbairt curaclam, siollabas agus scéimeanna oibre;
- (iv) athbhreithniú agus forbairt ar an gcreat measúnaithe foirmitheach agus suimitheach.

chomh maith le seisiúin rialta FGL do mhúinteoirí agus d'oiliúnóirí. Mar threoiríne, moltar seisiúin FGL a thairiscint do mhúinteoirí agus d'oiliúnóirí uair sa mhí..

(b) Tá córais i bhfeidhm chun tacaíocht acadúil agus meantóireachta a thairiscint do mhúinteoirí agus d'oiliúnóirí.

2.3.3 Forbairt clár

(a) Déantar breithniú ar fhorbairtí clár nua a phlé ag leibhéal na bainistíochta corparáidí agus na bainistíochta acadúla, le hionchuir ó bhainistíocht díolacháin agus margaíochta de réir mar is gá, chomh maith le hionchuir ó pháirtithe leasmhara seachtracha, amhail soláthraithe AO in Éirinn.

(b) Comhaontaítear gach cinneadh maidir le forbairtí clár nua féideartha leis an gcoiste rialachais acadúil nó le saineolaithe ELE seachtrach, sa chás go bhfuil scála an tsoláthraí chomh mór sin nach féidir leis tacú le coiste rialachais acadúil go himheánach.

(c) Déantar gach cinneadh faoi fhorbairtí clár nua ag féachaint do chumas agus d'acmhainn an tsoláthraí ELE agus comhaontaítear pleananna gnó idir an bhainistíocht chorparáideach agus an bhainistíocht acadúil chun tacú le cinnteoireacht i ngach cás.

(Féach an Cód ELE, roinn 6, Bainistíocht Oibriúcháin, Riosca agus Acmhainní Daonna, agus roinn 7, Dearadh Clár.)

2.3.4 Ábhair acadúla

- (a) Roghnaítear ábhair agus acmhainní acadúla do gach clár reatha nó gach clár nua agus nuashonraítear iad chun tacú le riachtanais teagaisc agus foghlama, chomh maith le forbairtí agus cleachtais nua.
- (b) Tá comhalta(i) den fhoireann freagrach as bainistíocht agus coimeád na n-ábhar agus na n-acmhainní acadúla go léir, agus comhaontaítear buiséad.
- (c) Faomhann an Coiste um Rialachas Acadúil nó an saineolaí seachtrach gach ábhar agus acmhainn acadúil nua.

2.3.5 Freastal ar chruinnithe faisnéise agus ar chomhdhálachas

- (a) Freastalaíonn ball den fhoireann bhainistíochta acadúil ar sheisiúin mhionteagaisc QQI, ar féidir iad a reáchtáil ar líne nó go pearsanta.
- (b) Freastalaíonn ball(i) den fhoireann acadúil ar sheisiúin oiliúna agus forbartha ábhartha agus ar chomhdhálacha in Éirinn, agus scaiptear an fhoghlaim ar chomhghleacaithe i seisiúin FGL.
- (c) Urraíonn soláthraithe ELE baill foirne acadúla chun freastal ar imeachtaí agus ar chomhdhálacha, agus scaiptear an fhoghlaim ar chomhghleacaithe i seisiúin FGL.

2.3.6 Bainistíocht acadúil oibríochtúil

- (a) Tá cóimheas foghlaimoírí : múinteoir/oiliúnaí múinteora cuí ann do gach clár chun deiseanna rannpháirtíochta na bhfoghlaimoírí agus seomra ranga éifeachtach a chinntiú mar aon le bainistíocht ó mhúinteoirí agus ó oiliúnaithe múinteoirí.
- (b) Tá líon na mbainisteoirí acadúla lánaimseartha in aghaidh an lárionaid i gcomhréir le líon na bhfoghlaimoírí cláraithe ag an lárionad ag aon am ar leith le linn uaireanta oibriúcháin.
- (c) Tacaíonn curaclaim, siollabais agus cláir chúrsa/scéimeanna oibre dea-dheartha, atá ailínithe go soiléir agus go dlúth leis an gCreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CCTE) le sceidil teagaisc de thríocha thréimhse teagaisc aon uair an chloig sa tseachtain.
- (d) Tá córas éifeachtach i bhfeidhm chun múinteoirí ionaid agus oiliúnóirí múinteoirí a ionadú de réir mar is gá.
- (e) Tá bainisteoirí acadúla freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar gach doiciméad acadúil riaracháin, atá stóráilte ar chóras bainistíochta na scoile.
- (f) Déantar obair a dhéantar sa rang a thaifeadadh mion go leor (i.e., le cur ar chumas múinteoir eile a bhfuil déanta acu a thuiscint) ar an gcóras bainistíochta agus déanann an fhoireann bhainistíochta acadúil monatóireacht air seo. Cuirtear obair leantach i gcrích leis na múinteoirí nuair nach bhfuil dóthain taifead ann.
- (g) Déanann bainisteoirí acadúla monatóireacht ar chomhlíonadh reachtaíochta cóipchirt agus cearta maoine intleachtúla eile.

(Féach an Cód ELE, roinn 6, Bainistíocht Oibriúcháin, Riosca agus Acmhainní Daonna, agus Féachín a Sé, Acmhainní do sholáthraithe, le haghaidh faisnéis maidir le dlíthe cóipchirt.)

2.3.7 Teagasc agus foghlaim

- (a) Déanann múinteoirí cláir ELE a phleanáil agus a sheachadadh i dtimpeallacht foghlama atá oiriúnach agus ar chaighdeán imleor chun gur féidir le foghlaimeoirí na torthaí foghlama atá beartaithe a bhaint amach.
- (b) Léiríonn pleanáil ceachtanna, cuir chuige teagasc, modhanna agus scileanna fealsúnacht, ráiteas misin agus cuspóirí straitéiseacha an tsoláthraí ELE don eagraíocht agus cabhraíonn siad le foghlaimeoirí a gcuid cuspóirí foghlama teanga a bhaint amach.
- (c) Léiríonn cur chuige pleanála ceachta agus teagasc tiomantas an tsoláthraí ELE do churaclam, siollabas agus clár cúrsa an tsoláthraí a ailíniú go dlúth leis an CTTE.
- (d) Is inniúlachtaí lárnacha iad pleanáil ceachta agus scileanna teagasc a fhorbraítear ar chúrsaí oiliúna tosaigh múinteoirí agus a fhorbraítear agus a mhionchoigeartaítear a thuilleadh de réir mar a fhorbraíonn múinteoir a scileanna san eagraíocht.
- (e) Déanann bainisteoirí acadúla monatóireacht ar dhearadh agus ar sheachadadh ceachtanna.
- (f) Cabhraíonn bainisteoirí acadúla, múinteoirí sinsearacha agus oiliúnóirí múinteoirí le múinteoirí nua-cháilithe agus múinteoirí nach bhfuil mórán taithí acu leanúint orthu ag forbairt scileanna pleanála agus teagasc agus tacaíonn siad le múinteoirí nua-cháilithe agus múinteoirí nach bhfuil mórán taithí acu agus iad ag pleanáil agus ag teagasc.
- (g) Tá córais bhreathnóireachta forbraíochta, m.sh., féinbhreathnóireacht agus piarbheathnú, i bhfeidhm chun cabhrú le gach múinteoir agus oiliúnóir múinteoirí foghlaim óna chéile maidir le cuir chuige, scileanna, teicnící, agus chun cabhrú le múinteoirí nach bhfuil mórán taithí acu foghlaim ó chomhghleacaithe a bhfuil níos mó taithí acu.

2.3.8 Pleanáil Ceachtanna

- (a) Déanann múinteoirí ceachtanna a phleanáil le torthaí foghlama soiléire beartaithe, ag tagairt don churaclam, don siollabas, do chlár/scéimeanna oibre an chúrsa, do riachtanais an fhoghlaimeora agus d'ábhair an chúrsa, agus tá an pleanáil ailínithe go soiléir agus go dlúth leis an CCTE;
- (b) Agus iad ag pleanáil ceachtanna, léiríonn múinteoirí cumas chun:
 - (i) riachtanais, leasanna agus cúlra cultúrtha an fhoghlaimeora a chur san áireamh;
 - (ii) cuir chuige éagsúla teagasc a ionchorprú de réir mar is cuí;
 - (iii) torthaí foghlama atá soiléir agus insroichte a cheapadh;
 - (iv) céimeanna agus aidhmeanna céime atá comhleanúnach agus insroichte a cheapadh;
 - (v) machnamh a dhéanamh ar fhoghlaimeoir-lárnachas;
 - (vi) maidir le scileanna teanga: mionanailís teanga a fhoirmlíú ar bhrí, foirm, fuaimniú (agus oiriúnacht, de réir mar is gá), ag smaoineamh

ar rannpháirtíocht foghlaimeoirí agus ar fhadhbanna réamh-mheasta mionsonraithe;

- (vii) le haghaidh scileanna: díriú ar thorthaí foghlama atá beartaithe a bhaint amach i dtéarmaí forbairt fo-scileanna foghlaimeoirí;
- (viii) éagsúlacht patrún idirghníomhaíochta a áireamh chun tacú le rannpháirtíocht an fhoghlaimeora agus idirghníomhaíocht éifeachtach sa seomra ranga;
- (ix) úsáid bharántúil teanga a ionchorprú;
- (x) féinmheasúnú agus piarmheasúnú na bhfoghlaimeoirí a ionchorprú;
- (xi) ábhar agus aiseolas teanga a chur san áireamh tar éis céimeanna cainte/scríbhneoireachta;
- (xii) ábhair an chúrsa agus ábhair deartha a oiriúnú, lena n-áirítear ábhair bharántúla, ag brath ar riachtanais agus spéiseanna an fhoghlaimeora agus ar na torthaí foghlama atá beartaithe;
- (xiii) roinnt machnaimh ar an gceacht agus ar an bhfoghlaím a chur san áireamh.

2.3.9 Seachadadh ceachtanna

- (a) Cuirtear ceachtanna ar fáil le tagairt shoiléir don siollabas, do riachtanais an fhoghlaimeora agus do thuairisceoirí 'is féidir' CCE, chomh maith le hábhair chúrsa.
- (b) Léiríonn scileanna teagaisc go bhfuil croí-inniúlachtaí forbartha agus á bhforbairt i gcónaí ag múinteoirí, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh seo a leanas:
 - (i) tuiscint ar an ngá atá le comhbhá agus pearsanú le foghlaimeoirí agus le caidreamh a chothú;
 - (ii) tuiscint ar an ngá atá le hoiliúint éifeachtach agus scileanna staidéir d'fhoghlaimeoirí;
 - (iii) tuiscint ar scileanna éifeachtacha bainistíochta ranga, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, na réimsí seo a leanas: múscailt, socrú tascanna agus treoracha, leagan amach oiriúnach don seomra ranga, bainistiú ábhar agus acmhainní, agus bainistiú foghlaimeoirí agus an cheachta;
 - (iv) an cumas monatóireacht a dhéanamh ar aiseolas, é a cheartú agus a bhainistiú, lena n-áirítear bainistíocht ar theanga éiritheach;
 - (v) an cumas chun an bhfoghlaím a mheas agus gnóthachtáil na torthaí foghlama beartaithe nó an dul chun cinn ina leith seo a mheasúnú;
 - (vi) an cumas cur chuige agus teicnící a oiriúnú de réir riachtanais agus roghanna foghlama an fhoghlaimeora;
 - (vii) feasacht ar éagsúlacht agus ar riachtanais idirchultúrtha;
 - (viii) feasacht ar riachtanais teanga na bhfoghlaimeoirí, ag brath ar a thionchar na chéad teanga agus cur isteach ón gcéad teanga.
 - (ix) feasacht ar dhifreáil.

2.3.10 Soláthar ar líne

- (a) I gcás ina dtairgtear soláthar ar líne, is féidir le soláthraithe ELE a léiriú go bhfuil oiliúint chúí curtha ar mhúinteoirí i bpleanáil éifeachtach ceachtanna agus i scileanna teagaisc éifeachtacha do chomhthéacsanna sioncronacha agus aisinchronacha, de réir mar is cuí, lena n-áirítear oiliúint shonrach ar dhearadh ábhar, úsáid éifeachtach an ardáin ar líne agus na n-uirlisí ar líne, bainistíocht éifeachtach sa seomra ranga agus idirghníomhú, monatóireacht, agus aiseolas sa seomra ranga ar líne.
- (b) I gcás ina dtairgtear soláthar ar líne, is féidir le soláthraithe a léiriú go bhfuil oiliúint chúí faighte ag foghlaimeoirí in úsáid éifeachtach an ardáin ar líne, na huirlisí, na hábhair agus na cineálacha idirghníomhaíochta sa seomra ranga ar líne.
- (c) I gcás ina dtairgtear soláthar ar líne, ba chóir go mbeadh aird ag ELE ar *Threoirínte Reachtúla QQI um Dhearbhú Cáilíochta do Sholáthraithe Chláir Chumaisc agus Chláir* atá go hiomlán ar Líne.³
- (d) Tá cianphlean scríofa i bhfeidhm ag soláthraithe ELE, mar aon le plean oiliúna do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimeoirí, chun breisoiliúint éifeachtach a chur ar mhúinteoirí agus chun an fhoireann acadúil agus foghlaimeoirí a chumasú chun bogadh chuig soláthar sioncronach ar líne le cur isteach teoranta ar an bhfoireann agus ar na foghlaimeoirí.

2.3.11 Monatóireacht ar phleanáil agus ar sheachadadh ceachtanna

- (a) (Déantar monatóireacht ar cháilíocht an eispéiris foghlama ar bhonn leanúnach agus breathnaítear go rialta ar dhearbhú cáilíochta.
- (b) Scaiptear aiseolas dearbhaithe cáilíochta ar mhúinteoirí agus déantar an t-aiseolas seo a thaifeadadh.
- (c) Cuireann aiseolas ó bhreathnóireacht dearbhaithe cáilíochta bonn eolais faoi riachtanais forbartha múinteoirí/oiliúnóirí múinteoirí agus cabhraíonn sé le bainisteoirí acadúla cláir forbartha a phleanáil chun freastal ar na riachtanais seo.

2.4 Dearadh Clár

2.4.1 Dearadh curaclaim agus siollabais

- (a) Comhlánaíonn agus bainistíonn foireann acadúil shinsearach a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus an taithí chúí acu dearadh an churaclaim agus an tsiollabais, ag díriú ar riachtanais agus ar ábhair spéise na bhfoghlaimeoirí.
- (b) Tá dearadh curaclaim agus siollabais ailínithe go soiléir agus go dlúth leis an gCreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CCTE), le torthaí foghlama atá sainithe go soiléir, atá curtha in iúl i bhfoirm tuairisceoirí 'is féidir'.
- (c) Ceadaíonn an coiste um rialachas acadúil, nó saineolas seachtrach ELE, de réir mar is cuí, dearadh agus nuashonrú an churaclaim agus an tsiollabais agus déantar ceaduithe a dhoiciméadú.

³ [Teoirínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta do Sholáthraithe Chláir Chumaisc agus Chláir atá go hiomlán ar Líne \[QQI, 2023\]](#)

2.4.1.1 Dearadh curaclaim

Cuirtear san áireamh agus curaclam á dhearadh:

- (i) fealsúnacht oideachais agus ráiteas misin an tsoláthraí.
- (ii) cur chuige(cineálacha) atá le glacadh, m.sh., Cur Chuige Cumarsáideach, Foghlaim Thascbhunaithe, ailínithe le tuairisceoirí 'is féidir' an CCTE.

2.4.1.2 Dearadh siollabais

Cuirtear san áireamh agus siollabas á dhearadh, de réir mar is cúí:

- (i) torthaí foghlama beartaithe, atá ailínithe go soiléir agus go dlúth le tuairisceoirí 'is féidir' an CCTE;
- (ii) creat measúnaithe;
- (iii) measúnú foirmitheach agus suimitheach;
- (iv) aois an fhoghlaimeora, nuair is ábhartha m.sh., déagóirí, daoine fásta óga, os cionn 30 bliain d'aois;
- (v) ábhair spéise agus riachtanais an fhoghlaimeora;
- (vi) réamhfhoghlaim na bhfoghlaimeoirí;
- (vii) uaireanta teagmhála agus foghlama teoraithe chun clár ar leith a chríochnú;
- (viii) ábhair, lena n-áirítear acmhainní forlíontacha riachtanacha agus molta;
- (ix) deiseanna féinstaidéir agus deiseanna foghlama teoraithe;
- (x) deiseanna do chinntí foghlaimeoirí ar an ionchur, ag brath ar ábhair spéise agus riachtanais agus ábhair spéise;
- (xi) roghanna coigeartaithe agus modhnuithe ag céimeanna éagsúla, bunaithe ar aiseolas ó fhoghlaimeoirí agus ó mhúinteoirí agus ar riachtanais athraitheacha;
- (xii) oiliúint foghlaimeoirí;
- (xii) deiseanna d'fhoghlaimeoirí chun feasacht chultúrtha a fhorbairt agus chun foghlaim faoin saol in Éirinn – go hidéalach, cuimsíonn an clár ceachtanna a bhaineann leis an gclár imeachtaí;
- (xii) cosáin chuig an ardoideachas;
- (xv) deiseanna fostaíochta;
- (xvi) forbairt tuisceana ar staidéir agus ar choinbhinsiúin faoi ionracas acadúil;
- (xvii) forbairt neamhspleáchais i measc foghlaimeoirí an fhoghlaimeora agus straitéisí oiliúna d'fhoghlaimeoirí;
- (xviii) deiseanna d'fhoghlaimeoirí a gcuid Béarla a chleachtadh lasmuigh den seomra ranga;
- (xix) deiseanna gníomhaíochta feabhais chun an clár a chríochnú;
- (xx) machnamh agus meastóireacht.

2.4.1.3 Dearadh curaclaim, siollabais agus chlár an chúrsa/scéimeanna oibre athbhreithnithe.

Déanann an bhainistíocht acadúil agus an fhoireann/na foirne teagaisc athbhreithniú tréimhsiúil ar an gcuraclam, ar an siollabas agus ar an gcúrsa/scéimeanna oibre de réir mar is gá chun:

- (i) freastal ar riachtanais athraitheacha an tsoláthraí ELE, m.sh. cláir nua agus cineálacha nua foghlaimeoirí;
- (ii) freastal ar riachtanais agus ar ábhair spéise foghlaimeoirí, a bhíonn ag athrú de shíor;
- (iii) cleachtas agus cineálacha cur chuige atá ag teacht chun cinn a chorprú;
- (iv) ionchorprú a dhéanamh ar athruithe a rinneadh mar thoradh ar aiseolas ó mhúinteoirí, oiliúnóirí múinteoirí, foghlaimeoirí agus páirtithe leasmhara eile;
- (v) ábhair nua a chur san áireamh, atá faofa ag an gcoiste rialachais acadúil.

2.4.2 Córais mheasúnaithe

- (a) Le creat measúnaithe an tsoláthraí
 - (i) Bunaítear cur chuige an tsoláthraí i leith measúnú foghlaimeoirí i scrúduithe inniúlachta seachtracha, agus i measúnuithe foirmitheacha agus suimitheacha inti;
 - (ii) bíonn sé ailínithe go soiléir agus go dlúth leis na torthaí foghlama atá beartaithe do gach clár, arna gcur in iúl i dtuairisceoirí 'is féidir' ón CCTE nó arna n-oiriúnú ón CCTE;
 - (iii) comhlíonann sé riachtanais foghlaimeoirí.
 - (iv) díríonn sé ar shocruithe riaracháin don mheasúnú;
 - (v) áirítear leis forálacha do shocruithe réasúnacha d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta acu, m.sh. an disléicse, máchailí amhairc nó cloisteála.
- (b) Tá comhalta(i) den fhoireann acadúil shinsearach atá cáilithe/oilte go cuí freagrach as measúnú laistigh den eagraíocht.
- (c) Tá nósanna imeachta, struchtúir agus acmhainní dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm ag soláthraithe chun a chinntiú go bhfuil gach cineál measúnaithe soiléir agus intuigthe agus go ndéantar machnamh maith ar phrionsabail na bailíochta, na hiontaofachta agus an tionchair.
- (d) Cinntíonn soláthraithe go ndéantar measúnuithe foirmitheacha agus suimitheacha ar chlár a dhearadh don ghrúpa foghlaimeoirí agus do na scileanna a chleachtaítear.
- (e) Cinntíonn soláthraithe go mbíonn foghlaimeoirí atá cláraithe ar chlár ELE as a leanann scrúduithe inniúlachta seachtracha ullmhaithe a dhóthain do na scrúduithe seo.
- (f) Cuirtear foghlaimeoirí ar an eolas faoi cathain, conas agus cén fáth a ndéantar measúnú orthu, agus tugtar aiseolas dóibh ar a ndul chun cinn agus ar na torthaí a bhfuiltear ag súil leo i scrúduithe suimitheacha inmheánacha agus seachtracha.

- (g) Cuirtear ranganna teagaisc ar fáil go rialta d'fhoghlaimoirí le linn a gcúrsa, m.sh. tar éis scrúduithe bréige, meánleibhéil agus deireadh leibhéil, chun cabhrú leo díriú ar a gcuid riachtanas agus cuspóirí foghlama.
- (h) Cuirtear tacaíocht feabhais ar fáil d'fhoghlaimoirí nuair is gá.
- (i) Faigheann foghlaimoirí tuairiscí go tréimhsiúil ó mhúinteoirí tar éis measúnú, le treoir le haghaidh tuilleadh staidéir. Déanann bainisteoirí acadúla monatóireacht ar thuarascálacha.
- (j) Tá próiseas achomhairc inmheánach i bhfeidhm d'fhoghlaimoirí a mheasann go raibh a dtoradh i measúnú inmheánach éagórach nó mícheart.

2.4.2.1 Cineálacha measúnaithe

- (a) Tá córas tástála socrúcháin soiléir agus intuigthe i bhfeidhm, a bhreithníonn prionsabail na bailíochta, na hiontaofachta agus an tionchair, lena chinntiú go gcuirtear foghlaimoirí ag an leibhéal ceart ag tús a gcúrsa. Is féidir an triail seo a dhéanamh sula dtagann an foghlaimoir chuig an lárionad nó ar a gcéad lá. Cuimsíonn an triail socrúcháin measúnú ar ghramadach, foclóireacht agus labhairt, agus, más féidir, scríbhneoireacht, léitheoireacht agus éisteacht. Murar féidir an scríbhneoireacht, an léitheoireacht agus an éisteacht a chur san áireamh sa triail socrúcháin, cinntíonn an bainisteoir acadúil go ndéantar measúnú ar na scileanna seo chomh luath agus is féidir tar éis thús chlár an fhoghlaimora chun cur ar chumas an fhoghlaimora agus an mhúinteora riachtanais foghlama a mheasúnú. Tá córais cheartaitheacha éifeachtacha i bhfeidhm chun a chinntiú go n-aistrítear foghlaimoirí a bhí suite go mícheart go leibhéal níos oiriúnaí. Críochnaítear an ceartúchán seo chomh luath agus is féidir, go hidéalach faoin dara lá.
- (b) Tá córais measúnaithe mhúnlaitheacha agus shuimitheacha atá soiléir agus intuigthe i bhfeidhm, ina bhféachtar do phrionsabail na bailíochta, na hiontaofachta agus an tionchair. Freastalaíonn na córais seo ar riachtanais na bhfoghlaimoirí agus déantar iad a chur in oiriúint do na scileanna agus na córais teanga a chleachtaítear ar an gclár.
- (c) Féadfar cineálacha difriúla measúnaithe a dhéanamh, lena n-áirítear, mar shampla, athchúrsáil, tráth na gceist, tascanna, tionscadail agus cur i láthair, chomh maith le cineálacha tástála níos traidisiúnta.
- (d) Cuirtear trialscrúduithe ar fáil d'fhoghlaimoirí atá ag ullmhú do scrúduithe inniúlachta seachtracha agus féachtar go maith do phrionsabail na bailíochta, na hiontaofachta agus an tionchair.

2.4.2.2 Ionracas agus slándáil acadúil

- (a) Tá gnásanna agus córais i bhfeidhm chun slándáil agus sláine na bpróiseas measúnaithe a bhainistiú, lena n-áirítear:
 - (i) faisnéis a scaipeadh ar fhoghlaimoirí, de réir mar is cuí, faoi ionracas acadúil;
 - (ii) gnásanna measúnaithe don fhoireann acadúil agus riaracháin, de réir mar is gá;
 - (iii) caighdeánú a dhéanamh ar mheasúnú ar scileanna cainte;
 - (iv) stóráil ábhar measúnaithe;
 - (v) taifid ar mheasúnú foghlaimora.

2.4.2.3 Eolas faoi ghnásanna measúnaithe

Cuirtear faisnéis a bhaineann le nósanna imeachta measúnaithe ar fáil d'fhoghlaimoirí, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh seo a leana, mar is gá:

- (i) course programme and assessment calendar;
- (ii) clár an chúrsa agus féilire measúnaithe;
- (ii) cineálacha measúnaithe foirmitheach agus suimitheach;
- (iii) freagrachtaí an fhoghlaimora maidir le measúnú;
- (iv) ionracas acadúil;
- (v) teastais agus tuarascálacha deireadh leibhéil/amach;
- (vi) treoir d'fhoghlaimoirí maidir le scrúdú inniúlachta a roghnú a oireann dá leibhéal agus dá riachtanais, m.sh. dul ar aghaidh chuig an ardoideachas;
- (vii) faisnéis maidir le córais grádaithe do scrúduithe inniúlachta seachtracha agus an gaol atá acu le scála CCTE;
- (viii) ranganna teagaisc;
- (ix) tacaíocht feabhais.

2.4.3 Ionaid oiliúna do mhúinteoirí agus dearadh clár

I gcás gur ionad oiliúna múinteoirí é an soláthraí ELE freisin, féadfaidh ionchur ar chúrsaí oiliúna múinteoirí a bheith san áireamh:

- (i) (tús eolais ar na prionsabail a bhaineann le dearadh cúrsaí chun cabhrú le múinteoirí faoi oiliúint na bunchoincheapa a thuiscint;
- (ii) tús eolais ar phrionsabail an CCTE agus ar a thuairisceoirí 'is féidir';
- (iii) tús eolais ar phrionsabail an mheasúnaithe;

le cois na seisiún ionchur eile a bhíonn san áireamh go hiondúil i gcúrsaí bunoiliúna do mhúinteoirí.

2.4.4 Forbairt na foirne acadúla agus dearadh clár

- (a) Cinntíonn soláthraithe ELE go bhforbraíonn gach ball foirne acadúil feasacht riachtanach ar:
 - (i) fealsúnacht oideachais agus ráiteas misin an tsoláthraí;
 - (ii) réasúnaíocht an churaclaim agus an tsiollabais;
 - (iii) prionsabail an CCTE;
 - (iv) ailíniú an churaclaim agus an tsiollabais leis an CCTE
 - (v) cláir chúrsa/scéimeanna oibre agus ábhair cheachta a fhorbairt a bheidh ailínithe le tuairisceoirí agus leibhéal CCTE;
 - (vi) forbairt ar fhoirmeacha measúnaithe atá ailínithe leis an CCTE
- (b) Faigheann gach ball foirne, go háirithe iad siúd a bhíonn i dteagmháil le foghlaimoirí agus gníomhairí oideachais, compháirtithe earcaíochta agus comhairleoirí, oiliúint freisin ar na prionsabail atá taobh thiar den CCTE.

(Féach an Cód ELE, roinn 7, Dearadh Clár, Iarscríbhinn a hAon de na Treoirlínte DC seo, Treoirlínte do Sholáthraithe ELE ar Ailíniú Cláir ELE leis an gCreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach um Theangacha (CCTE), agus Iarscríbhinn a Dó de na Treoirlínte DC seo, Treoirlínte do Mheasúnú san Oideachas Béarla.)

2.5 Tacaíochtaí agus Seirbhísí d’Fhoghlaimoirí Idirnáisiúnta

2.5.1 Treoshuíomh agus ionduchtú foghlaimoirí

Áirítear le hionduchtuithe, ach níl sié teoranta dóibh, faisnéis ar réimsí mar seo a leanas:

- (i) eolas faoin lárionad;
- (ii) cur chuige an tsoláthraí i leith an teagaisc agus na foghlama;
- (iii) cur síos ar an gclár acadúil;
- (iv) measúnú;
- (v) sceidil ceachtanna agus sosanna;
- (vi) clár imeachtaí;
- (vii) ceardlanna scileanna praiticiúla;
- (viii) comhairle phraiticiúil, m.sh., cuntas bainc a oscailt agus cé na daoine san eagraíocht a lorgóidh comhairle nó cabhair uathu;
- (ix) cad ba cheart a dhéanamh agus dul i dteagmháil leo i gcás éigeandála;
- (x) freagrachtaí foghlaimoirí, m.sh., i ndáil le mic léinn neamh-AE/LEE a dteastaíonn víosa iontrála agus/nó cead inimirce uathu;
- (xi) freagrachtaí soláthraithe;
- (xii) sláinte agus folláine;
- (xiii) bainistiú éigeandálaí;
- (xiv) imeachtaí áitiúla agus eagraíochtaí ar díol spéise iad;
- (xv) feasacht chultúrtha agus idirchultúrtha;
- (xvi) cód iompair;
- (xvii) gnásanna gearáin agus casaoidí;
- (xviii) ionracas acadúil.

(Féach an Cód ELE, roinn 8, Tacaíochtaí agus Seirbhísí d’Fhoghlaimoirí Idirnáisiúnta.)

- (a) Cuirtear lámhleabhar mac léinn ar fáil d’fhoghlaimoirí, ina bhfuil an t-eolas thuas, chomh maith le faisnéis ábhartha eile, amhail léarscáil den cheantar agus roghanna iompair phoiblí.
- (b) Cuimsíonn grúpaí foghlaimoirí cainteoirí teangacha éagsúla, chun deiseanna foghlama an Bhéarla a bharrfheabhsú. Sa chás nach bhfuil sé seo amhlaidh, cinntíonn soláthraithe ELE go gcuirtear foghlaimoirí ar an eolas faoi seo sula gcláraíonn siad ar chlár staidéir.

(Féach an Cód ELE, roinn 9, Margáíocht agus Earcaíocht)

2.5.2 Foghlaimeoirí a dteastaíonn víosaí iontrála agus/nó cead inimirce uathu

- (a) Tairgtear tuilleadh ionductaithe agus scaipeadh faisnéise d'fhoghlaimeoirí nach ón AE/LEE iad a dteastaíonn víosaí iontrála agus/nó cead inimirce uathu maidir le riachtanais nach mór d'fhoghlaimeoirí a bheith ar an eolas fúthu.
- (Féach an Cód ELE, roinn 8, Tacaíochtaí agus Seirbhísí d'Fhoghlaimeoirí Idirnáisiúnta.)**
- (b) Cuireann soláthraithe ELE comhairle ar fáil d'fhoghlaimeoirí ar réimsí lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh seo a leanas:
- (i) (roghanna slite chuig staidéar breisoideachais agus ardoideachais;
 - (ii) fostaíocht pháirtaimseartha a aimsiú;
 - (iii) cur isteach ar uimhir PSP;
 - (iv) cuntas bainc a oscailt;
 - (v) lóistín a aimsiú, mura gcuireann an soláthraí ar fáil é.
- (c) Cinntíonn soláthraithe go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear ar fáil d'fhoghlaimeoirí ag an ionductú soiléir, cruinn, trédhearcach, intuigthe, bainteach le hábhar agus go bhfuil sé ar fáil ó thús deireadh a gclár, de réir mar is gá. Cuireann soláthraithe meabhrúcháin ar an eolas seo ar fáil d'fhoghlaimeoirí ag pointí tábhachtacha le linn an chláir m.sh., roimh na scrúduithe.

2.5.3 Tacaíochtaí acadúla

- (a) Bíonn bainisteoirí acadúla agus oifigeach leasa na mac léinn ar fáil ar bhonn leanúnach chun comhairle staidéir a thairiscint d'fhoghlaimeoirí. Cuirtear eolas ar dheiseanna staidéir breisoideachais agus ardoideachais ar fáil d'fhoghlaimeoirí de réir mar is gá.
- (b) Cuirtear ábhair agus acmhainní acadúla ar fáil d'fhoghlaimeoirí le húsáid lasmuigh d'am ranga. Is féidir iad seo a chur ar fáil ar an láthair mar chóipeanna crua agus/nó mar chóipeanna boga ar líne.

2.5.4 Clár imeachtaí

- (a) (Cuireann soláthraithe faisnéis ar fáil faoi dheiseanna lánpháirtíochta atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta, mar bhallraíocht i gclubanna leabhar nó scannán, agus spreagann siad foghlaimeoirí chun leas a bhaint as na deiseanna sin.
- (b) Tá an clár imeachtaí nasctha le riachtanais agus ábhair spéise foghlaimeoirí agus féadfar é a nascadh leis an gclár acadúil, más cuí. Téann comhordaitheoirí imeachtaí i dteagmháil le bainisteoirí acadúla chun roghnú agus pleanáil imeachtaí a bhainistiú, lena n-áirítear aon tascanna a bhaineann leis an gclár ELE, de réir mar a éilíonn an soláthraí.
- (c) Tá líon na mball a dhéanann cúram d'imeachtaí i gcomhréir le líon na bhfoghlaimeoirí san ionad agus tá córas i bhfeidhm chun baill foirne a ionadú de réir mar is gá.
- (d) Áiríonn gnásanna riaracháin imeachtaí na nithe seo a leanas, ach níl siad teoranta dóibh:
- (i) measúnuithe riosca a dhéanamh do gach imeacht, le cóimheasa cuí foirne : foghlaimeoirí;
 - (ii) bainistiú aon ghníomhaíochtaí agus tascanna a bhaineann leis an gclár acadúil, i gcomhar leis an mbainistíocht acadúil;

- (iii) tinreamh ag imeachtaí a bhainistiú agus tuairiscí tinrimh a chomhlánú;
- (iv) imeachtaí agus tascanna a cuireadh i gcrích bunaithe ar imeachtaí a thaifeadh, de réir mar a éilíonn an soláthraí.

2.5.5 Gnásanna scoir d'fhoghlaimoirí cláraithe

- (a) Eisíonn soláthraithe teastais agus tuarascálacha d'fhoghlaimoirí a admháinn an tinreamh agus an leibhéal deiridh a baineadh amach ag deireadh ré rollaithe an fhoghlaimora. Tagraíonn deimhnithe don scála CTE agus do na tuairisceoirí 'is féidir'.
- (b) Cuirtear foghlaimoirí ar an eolas faoi chórais stórála doiciméad, lena n-áirítear taifid tinrimh agus measúnaithe foghlaimoirí a stóráil.
- (c) Faigheann foghlaimoirí a dteastaíonn víosaí iontrála agus/nó cead inimirce uathu, agus a bhfuil sé ar intinn acu clárú ar chlár eile ELE le soláthraí ELE eile, nó ar chlár ardoideachais, de réir mar a cheadaítear, na doiciméid riachtanacha go léir, mar shampla taifid tinrimh agus measúnaithe, ón soláthraí a bhfuil foghlaimoirí cláraithe air faoi láthair ar chlár staidéir, faoi lá deiridh staidéir na bhfoghlaimoirí leis an soláthraí ELE.

(Féach an Cód ELE, Aguisín a Sé, chun faisnéis a fháil ar reachtaíocht um chosaint sonraí.)

2.6 Tacaíochtaí agus Forbairt Foirne

2.6.1 Gnásanna ionduchtúcháin

- (a) Cothaíonn soláthraithe ELE timpeallacht a thacaíonn le folláine agus imeascadh na mball foirne nua isteach san eagraíocht.
- (b) Tá gnásanna ionduchtúcháin i bhfeidhm do gach ball foirne nua agus cuimsíonn siad, ach gan a bheith teoranta dóibh, faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas, de réir mar a éilíonn an ball foirne nua nó na baill foirne nua:
 - (i) stair agus úinéireacht na heagraíochta;
 - (ii) ráiteas misin eagraíochtúil;
 - (iii) cairt eagraíochtúil;
 - (iv) líon na mac léinn;
 - (v) turas an chliant;
 - (vi) údaruithe, ballraíochtaí agus creidiúnaithe, lena n-áirítear aon oibleagáidí atá i bhfeidhm a bhaineann leo sin;
 - (vii) córais eagraíochtúla agus riaracháin, lena n-áirítear bealaí cumarsáide;
 - (viii) fealsúnacht oideachais, curaclam, agus siollabas;
 - (ix) cur chuige i leith an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe;
 - (x) ionracas acadúil;
 - (xi) Córais AD, lena n-áirítear sonraí ar choinníollacha conartha, m.sh. saoire, párolla;

- (xii) faisnéis agus cearta agus sochair fostaithe;
 - (xiii) oiliúint feasachta idirchultúrtha;
 - (xiv) sláinte agus sábháilteacht;
 - (xv) cosaint leanaí, nuair is cuí;
 - (xvi) ceanglais maidir le foghlaimeoirí óna dteastaíonn víosaí iontrála agus/nó cead inimirce;
 - (xvii) oiliúint do ról ar leith, de réir mar is gá;
 - (xviii) deiseanna forbartha gairmiúla féideartha agus cosáin laistigh den eagraíocht agus deiseanna ábhartha oideachais/oiliúna, lena n-áirítear deiseanna maoinithe atá ar fáil;
 - (xix) beartais agus gnásanna DC;
 - (xx) gnásanna acadúla riaracháin, lena n-áirítear críochnú tinrimh, logáil na hoibre a críochnaíodh sa rang agus tuairiscí teastais agus foghlaimeora, de réir mar is gá;
 - (xxi) gnásanna riartha imeachtaí, lena n-áirítear measúnuithe riosca a chur le chéile do gach imeacht, bainistíocht ar ghníomhaíochtaí agus tascanna a bhaineann leis an gclár acadúil, taifid freastail ar imeachtaí a bhainistiú agus tuarascálacha a chomhlánú de réir mar is gá.
- (c) Cuirtear lámhleabhair foirne ar fáil do bhaill foirne nua mar aon leis an bhfaisnéis go léir a thugtar ag an ionduchtú, chomh maith le faisnéis ábhartha eile.

2.6.2 Ionduchtú na foirne acadúla

- (a) Faigheann an fhoireann acadúil ionduchtú ar bhainistíocht acadúil san eagraíocht, lena n-áirítear faisnéis ar na nithe seo a leanas:
- (i) curaclam, siollabas, cláir chúrsa/scéimeanna oibre;
 - (ii) CCTE: prionsabail, réasúnaíocht, tuairisceoirí, dearadh cúrsaí;
 - (iii) cur chuige/cineálacha cuir chuige acadúla, modheolaíochtaí agus scileanna, pleanáil ceachtanna, roghnú agus dearadh ábhar, cur chuige/cineálacha cuir chuige acadúla, modheolaíochtaí agus scileanna, ábhair agus acmhainní, pleanáil ceachtanna agus úsáid na teicneolaíochta;
 - (iv) creat agus gnásanna measúnaithe;
 - (v) córais tacaíochta agus leasa foghlaimeoirí;
 - (vi) gnásanna scoir, lena n-áirítear deimhnithe agus tuarascálacha.
- (b) Cuirtear lámhleabhair foirne acadúla ar fáil don fhoireann nua mar aon leis an bhfaisnéis ar fad a chuirtear ar fáil ag na hionduchtaithe, chomh maith le faisnéis ábhartha eile.

2.6.3 Ionduchtú foirne maidir le himeachtaí sóisialta na mac léinn

- (a) Faigheann foireann imeachtaí sóisialta na mac léinn ionduchtú ar réimsí lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh seo a leanas:
- (i) pleanáil agus bainistiú éifeachtach imeachtaí agus gníomhaíochtaí, lena n-áirítear imeachtaí le mionaaisigh, más ábhartha;
 - (ii) measúnuithe riosca a dhéanamh;

- (iii) taifid tinrimh a chomhlánú;
- (iv) gnásanna garchabhracha bunriachtanacha, de réir mar a cheadaítear;
- (v) cosaint leanaí, de réir mar is cuí.

2.6.4 Oiliúint agus forbairt foirne

- (a) Tá forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil don fhoireann ar fad, ailínithe le ráiteas misin, riachtanais agus cuspóirí straitéiseacha na heagraíochta.
- (b) Tá oiliúint tras-eagraíochta pleanáilte mar chabhair chun tuiscint a thabhairt do bhaill foirne éagsúla ar struchtúir agus ar ról laistigh den eagraíocht, chomh maith le réimsí sonracha, m.sh., oiliúint i gcineálacha scrúduithe cláir agus inniúlachta don fhoireann riaracháin agus díolacháin agus margaíochta, agus oiliúint in earcú mac léinn don fhoireann acadúil.
- (c) Déantar gach oiliúint foirne a dhoiciméadú.

2.6.5 Oiliúint agus forbairt na foirne riaracháin

- (a) Faigheann baill foirne riaracháin forbairt ghairmiúil rialta, agus oiliúint, de réir mar is cuí, lena chinntiú go leanann siad ar aghaidh ag foghlaim agus go bhfuil a bpróisis agus a ngnásanna cothrom le dáta.
- (b) Tá plean FGL doiciméadaithe i bhfeidhm don fhoireann riaracháin ar fad agus cuirtear oiliúint i réimsí riaracháin, amhail seirbhís do chustaiméirí, agus réimsí eile, amhail sláinte agus sábháilteacht, ar an bhfoireann riaracháin, de réir mar is gá.

2.6.6 Oiliúint agus forbairt don fhoireann acadúil

- (a) Tá plean FGL doiciméadaithe i bhfeidhm don fhoireann acadúil ar fad, lena n-áirítear bainisteoirí acadúla, oiliúnóirí múinteoirí agus múinteoirí, chun:
 - (i) freastal ar riachtanais oiliúna agus forbartha na foirne acadúla ar fad;
 - (ii) a chinntiú go bhfuil eolas ar an gcuraclam agus ar an siollabas, ailínithe leis an CCTE, ar eolas ag gach ball foirne acadúil;
 - (iii) a chinntiú go bhfuil an cleachtas suas chun dáta.
- (b) Áirítear le FGL timthriall breathnóireachta forbraíochta do bhaill uile na foirne acadúla, lena n-áirítear an duine féin agus piaraí, breathnóireacht ghearr agus fhada ar cheachtanna, agus, i gcás breathnóireacht iomlán ar cheachtanna, cruinnithe réamhcheachta, cur isteach pleananna ceachta agus cruinnithe aiseolais iar-bhreachnóireachta.
- (c) Aithnítear riachtanais forbartha tríd an timthriall breathnóireachta agus cuireann sé seo eolas ar fáil don plean FGL don fhoireann acadúil

2.6.7 Oiliúint agus forbairt na foirne díolacháin agus margaíochta

- (a) Faigheann an fhoireann díolacháin agus margaíochta oiliúint agus forbairt ghairmiúil

rialta, de réir mar is cuí, lena chinntiú go mbíonn próisis agus gnásanna, chomh maith le faisnéis eagraíochtúil, cothrom le dáta.

- (b) Tugtar oiliúint i réimsí ar nós cleachtais eiticiúla agus Ráiteas Londen.
- (c) Tá plean FGL doiciméadaithe i bhfeidhm don fhoireann díolacháin agus margaíochta go léir, lena n-áirítear bainisteoirí, chun tacú le cleachtais díolacháin agus margaíochta atá soiléir, trédhearcach, eolach, eiticiúil agus éifeachtach.

(Féach an Cód ELE, roinn 9, Margaíocht agus Earcaíocht, agus Aguisín a Trí, Ráiteas Londen 2012.)

2.6.8 Athbhreithnithe ar fheidhmíocht

Déantar athbhreithnithe ar fheidhmíocht doiciméadaithe do gach ball foirne ar bhonn bliantúil ar a laghad, agus déantar riachtanais oiliúna agus forbartha agus pleananna gairme a shainaithint agus a chomhaontú lena linn.

IARSCRÍBHINN A HAON: TREOIRLÍNTE DO SHOLÁTHRAITHE ELE MAIDIR LE CLÁIR ELE A AILÍNÍÚ LEIS AN GCREAT COMHCHOITEANN TAGARtha EORPACH LE HAGHAIDH TEANGACHA(CCTE)

1 RÉAMHRÁ

Leagann Roinn 7 den Chód ELE amach ceanglais maidir le dearadh clár ELE. Ceanglaítear ar sholáthraithe ELE ar mian leo údarú a lorg chun an IEM a úsáid a léiriú go bhfuil clár ELE soiléir agus dea-dheartha i bhfeidhm, ina bhfuil an curaclam, an siollabas, clár(chláir) chúrsa/scéimeanna oibre agus creat measúnaithe soiléir agus ailínithe go dlúth leis an gComhchreat Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CCTE), agus ina bhfreastalaíonn an clár ELE ar riachtanais foghlaimoírí. Soláthraíonn an iarscríbhinn seo treoirínte do sholáthraithe ELE maidir le conas a gcreat clár ELE a fhorbairt, nó a fhorbairt tuilleadh i gcomhréir leis an CCTE chun na ceanglais atá leagtha amach i Roinn 7 den Chód ELE a chomhlíonadh.

1.1 Forbairtí amach anseo ar threoirínte maidir le hailíniú CCTE do sholáthraithe

Is é fócas tosaigh na dtreoirínte seo tacaíocht a thairiscint do sholáthraithe chun ailíniú a gcreatchláir le CCTE a fhorbairt, nó a fhorbairt tuilleadh, mar chuid dá n-ullmhúchán chun údarú a lorg chun an IEM a úsáid.

D'fhéadfadh go n-áireofaí na nithe seo a leanas i bhforbairt bhreise ar threoirínte do sholáthraithe ar ailíniú CCTE:

- cláir Bhéarla chun Críocha Acadúla a ailíniú leis an CCTE
- cláir Bhéarla le haghaidh Sainchuspóirí a ailíniú leis an CCTE
- cláir Bhéarla do Dhéagóirí agus d'Fhoghlaimoírí Óga a ailíniú leis an CCTE

Féadfaidh QQI machnamh a dhéanamh freisin ar na treoirínte seo a leathnú tuilleadh chun ailíniú curaclaim agus siollabais na gclár teanga eile leis an CCTE a chur san áireamh.

1.2 Raon feidhme na gclár ELE a ailíniú leis an CCTE

Tá na treoirínte seo deartha chun tacú le soláthraithe a gcreat clár ELE a ailíniú le CCTE, go sonrach leis na Tuairisceoirí Feidhmíochta a shonraítear in Imleabhar Comhpháirteach Chreat Comhchoiteanna Tagartha na hEorpa, 2020. Is sraith caighdeán idirnáisiúnta bailíochtaithe é an CCTE chun cur síos a dhéanamh ar chumas teanga. Trí churaclaim agus siollabais a ailíniú leis an CCTE ligfear do sholáthraithe ELE a gclár ELE a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh, agus tacú le cáilíocht agus comhsheasmhacht an tsoláthair ELE d'fhoghlaimoírí idirnáisiúnta trí:

- cuspóirí feidhmíochta inaitheanta agus inchomparáide do sholáthraithe ELE, d'fhoghlaimoírí agus do phríomhpháirtithe leasmhara eile a sheachadadh.
- tacú le dearbhú cáilíochta do sholáthraithe ELE, d'fhoghlaimoírí, agus do phríomhpháirtithe leasmhara eile

Tugtar sna treoirínte seo breac-chuntas ar phróiseas chun curaclam cláir agus/nó siollabas tacaíochta a ailíniú leis an CCTE. Tá na próisis a gcuirtear síos orthu sna

treoirínite seo bunaithe ar dhoiciméad Chomhairle na hEorpa [Aligning Language Education with the CEFR: A Handbook \(2022\)](#) ✨

2 CÚLRA AN CCTE

Is príomhuirlis in oideachas teangacha é *An Creat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha: Foghlaim, teagasc, measúnú (CCTE)*. Mar thoradh ar os cionn fiche bliain de thaighde, foilsíodh an CCTE den chéad uair in 2001, agus nuashonraíodh é chun riachtanais chomhaimseartha agus oideolaíochtaí a léiriú in eagrán a foilsíodh in 2020. Ceapadh an creat chun bonn soiléir, trédhearcach, comhtháite agus cuimsitheach a sholáthar d'fhorbairt siollabais teanga agus treoirínite curaclaim, dearadh ábhar teagaisc agus foghlama agus measúnú ar inniúlacht teangacha iasachta nó dara teangacha.

Tá an CCTE tógtha ar choincheap na n-inniúlachtaí cumarsáide teanga agus áiríonn na tuairisceoirí feidhmíochta na gníomhaíochtaí cumarsáide a d'fhéadfadh a bheith de dhíth ar fhoghlaimeoir teanga, chomh maith leis na straitéisí agus na hinníúlachtaí a theastaíonn chun na tascanna sin a dhéanamh go rathúil. Tá sé beartaithe mar uirlis le haghaidh machnaimh, cumarsáide agus cumasú.


Is í an phríomhaidhm atá aige ná trédhearcacht agus inchomparáideacht a éascú i soláthar oideachais agus cáilíochtaí teanga go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

De réir [úsáidí agus cuspóirí Chomhairle na hEorpa](#), tis iad príomhchuspóirí an CCTE:

- ilteangachas agus éagsúlú a chur chun cinn i rogha teangacha an churaclaim
- tacú le próifíl ilteangachais na bhfoghlaimeoirí aonair a fhorbairt agus a léiriú
- ábhar na gcuraclam teanga a fhorbairt agus a athbhreithniú agus tuairisceoirí dearfacha 'is féidir' a shainiú atá curtha in oiriúint d'aois, d'ábhair spéise agus do riachtanais na bhfoghlaimeoirí
- téacsleabhair agus ábhar teagaisc a dhearadh agus a chur i dtoll a chéile
- tacú le hoideachas múinteoirí agus comhar i measc múinteoirí teangacha éagsúla
- cáilíocht agus rathúlacht san fhoghlaim, sa teagasc agus sa mheasúnú a fheabhsú
- trédhearcacht i dtástáil agus inchomparáideacht na ndeimhnithe a éascú

Ó tugadh isteach é, tá aitheantas suntasach faighte ag an CCTE ar fud na hEorpa, agus i gcomhthéacsanna idirnáisiúnta níos ginearálta, mar thacar iontaofa caighdeán atá in ann cumas agus feidhmíocht teanga a shainiú thar scála ó thosaitheoirí go hardfhoghlaimeoirí.

Tá an CCTE ar fáil i 37 teanga, an Ghaeilge agus an teanga chomharthaíochta san áireamh. Úsáidtear an creat go forleathan ar bhealaí éagsúla sa bhreisoideachas agus san ardoideachas, in oideachas múinteoirí teanga agus san oideachas bunscoile agus meánscoile. Tá sé in úsáid ag fostóirí, scríbhneoirí leabhar cúrsa agus institiúidí cultúrtha náisiúnta. Ar leibhéal an rialtais go hidirnáisiúnta, úsáidtear é chun eolas a chur ar dhoiciméid straitéise náisiúnta a bhaineann le hoideachas teanga agus athchóiriú curaclaim, agus mar chruthúnas foirmiúil ar riachtanais leibhéal teanga d'imircigh, do mhic léinn a théann ar aghaidh chuig an ardoideachas agus do státseirbhísigh.

Foilsíodh An *Creat Comhchoiteann Tagartha Eorpach: Foghlaim, Teagasc, Measúnú* (Companion Volume), le tuairisceoirí athbhreithnithe agus breise, in 2020 mar chomhlánú ar an CTE reatha, agus is dó sin a dhéanfaidh [na treoirínte seo tagairt ó thús deireadh an CTE Companion Volume](#) .

2.1 LEIBHÉIL, MODHANNA AGUS TUAIRISCEOIRÍ CTE

Tá trí leibhéal inniúlachta sa CTE:

A – úsáideoir bunúsach

B – úsáideoir neamhspleách

C – úsáideoir inniúil


Léiríonn na trí leibhéal inniúlachta seo bandaí leathana cumais. Tá gach ceann de na leibhéil seo roinnte ina dhá fho-leibhéal:

A1-A2

B1-B2

C1-C2

ina sonraítear sé leibhéal feidhmíochta san iomlán. Tá cur síos éigin ann freisin ar réamhleibhéal A1, nó tosaitheoir iomlán. Cruthaíonn na sé chroíleibhéal seo an scála ina leagtar síos na tuairisceoirí feidhmíochta. I gcásanna áirithe, déantar na croíleibhéil a fho-roinnt idir eilimint uachtarach agus eilimint íochtarach. Is minic a dhéanann úsáideoirí tagairt dóibh seo mar chroíleibhéil agus +, m.sh., A2 agus A2+. Léiríonn an léaráid thíos conas a fhéachtar, sa CTE, ar an gcumas leathnú go hingearach agus go cothrománach araon:



(Arna oiriúnú ón CTE Companion Volume, 2020: 36)

Aithnítear sa CCTE comhthéacsanna éagsúla foghlama teanga, m.sh., Béarla Ginearálta, Béarla do Chuspóirí Acadúla agus Béarla don Obair.

Roinntear na scálaí ina socraítear na tuairisceoirí feidhmíochta i gceithre phríomh-mhodh cumarsáide:

- Glacadh (éisteacht agus léamh)
- Táirgeadh (labhairt agus scríobh)
- Idirghníomhaíocht (labhartha agus scríofa)
- Idirghabháil (cumarsáid idir daoine aonair a éascú, m.sh. téacsanna scríofa a thuairisciú sa chaint, cásanna íogaire a réiteach, agus aistriúchán)

Tá scála Tuairisceora ag gach ceann de na ceithre mhodh a chuireann síos ar chumais iomlána, m.sh. Táirgeadh Béil Iomlán. Tá scálaí mionsonraithe i ngach mód ina bhfuil fo-thacair de na cumais seo, m.sh.:

- Léamh: Léamh ar mhaithe le Treoshuíomh
- Éisteacht: Fógraí agus Treoracha a Thuiscint

These modes are supported by scales and strategies for Communicative Language Competences (CLC).

Dírítear sa phróiseas sna treoirínite seo ar an móid seo a leanas:

- Glacadh
- Táirgeadh
- Idirghníomhaíocht

ach cuirtear san áireamh, leis, ann gnéithe den mhodh Idirghabhála, ar féidir iad a chomhtháthú i modhanna Glactha, Táirgthe agus Idirghníomhaíochta.

Is féidir scálaí eile, m.sh., ilteangach, a úsáid, ag brath ar na comhthéacsanna a thugtar.

(Féach [CEFR Companion Volume Section 2.4](#). ✎)

Tá sé tábhachtach a thuiscint gur uirlis sholúbtha í an CCTE chun gur féidir:


- soláthar a dhéanamh do shocruithe agus do chomhthéacsanna logánta nó sonracha. Ba cheart breathnú ar na Scálaí agus na Tuairisceoirí Feidhmíochta laistigh mar bhunphointe ar féidir é a choigeartú do riachtanais an fhoghlaimora, fad is a leantar an próiseas caighdeánaithe le haghaidh ailíniú
- cur síos a dhéanamh ar chumais tairsí foghlaimoirí a bhaineann le leibhéal ar leith. Mura bhfuil na cumais atá liostaithe sna tuairisceoirí ag foghlaimoir, ní mheasfar go bhfuil an leibhéal cumais seo aige nó aici.

3 CURACLAM AGUS SIOLLABAS A AILÍNIÚ LEIS AN CCTE

3.1 BUNTÁISTÍ AILÍNIÚ CURACLAIM AGUS SIOLLABAIS LEIS AN CCTE

Tá buntáistí éagsúla i gceist le curaclam agus siollabas a ailíniú leis an CCTE;

- Cothaíonn sé tuiscint chomhroinnte agus trédhearcach d'fheidhmíochtaí sa chomhthéacs oideachais roghnaithe.
- Bunaíonn sé bonn láidir d'fhoghlaimoírí ionchasacha chun eilimintí de chlár ELE an tsoláthraí ELE a chur i gcomparáid.
- Cumasaíonn sé monatóireacht ar dhearbhu cáilíochta laistigh de sholáthraithe ELE agus idir na soláthraithe sin.
- méadaíonn sé aitheantas idirnáisiúnta i measc bonn leathan geallsealbhoírí, lena n-áirítear soláthraithe ELE, institiúidí ardoideachais agus ranna rialtais go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, rud a mhéadaíonn deiseanna le haghaidh comhoibriú agus comhpháirtíocht idirnáisiúnta.
- tá buntáiste na comhthola ann, toisc gur saineolaithe ELE chomh maith le cleachtóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta sna hearnálacha ELE agus AO a thiomsaigh an CCTE.

(Féach [Aligning Language Education with the CEFR: A Handbook, 2022](#),  Sections 1.3 and 1.4)

3.2 SAMHLACHA D'AILÍNIÚ LEIS AN CCTE

Dhá shamhail ailínithe atá ann:

- Samhail A: Curaclam reatha soláthraí a ailíniú leis an CCTE.
- Samhail B: Curaclam nua a chur i dtoll a chéile ón CCTE.

Sna treoirínte seo cuirfear sraith ceisteanna i láthair chun cabhrú le soláthraithe ELE cinneadh a dhéanamh ar cé acu samhail ailínithe curaclaim, A nó B thuas, ar a mbunófar an clár ELE atá á mheas agus leanfar é sin le breac-chuntas ar an bpróiseas lárnach don ailíniú. Ina dhiaidh sin cuirtear síos ar a bhfuil ag teastáil chun an t-ailíniú a bhailíochtú* agus chun dearbhú cáilíochta leanúnach a chinntiú.


**Féach an Ghluais thíos chun sainmhíniú a fháil ar 'bailíochtaigh' agus ar théarmaí eile mar a úsáidtear sna treoirínte seo iad..*

3.3 CURACLAM NÓ SIOLLABAS?

Is féidir leis a bheith dúshlánach cinneadh a dhéanamh ar shainmhíniú ar churaclam nó ar shiollabas do sholáthraithe oideachais teanga, go háirithe ós rud é nach bhfuil aon sainmhíniú comhaontaithe ann faoi láthair (Beaco et al, 2016). Chun críche na dtreoirínte seo, tuiogtear curaclam mar *na torthaí foghlama agus feidhmeanna foriomlána beartaithe don chlár atá á mheas*.

Tuigtear an siollabas mar *léiriú ar an gcuraclam trí ghnéithe níos mionsonraithe, mar ábhar cláir, ábhar, córais teanga agus scileanna teanga srl.*

Cuirtear clár an chúrsa (ar a dtugtar scéimeanna oibre freisin) do gach leibhéal laistigh den siollabas ansin. Taispeántar thíos an gaol idir dearadh curaclaim, siollabais agus chlár an chúrsa/scéimeanna oibre.



Tá eilimintí nó snáitheanna go leor le curaclam. Chun críche na dtreoirí seo, díreoidh ailíniú na gclár soláthraithe ELE leis an CCTE ar shnáithe na dtorthaí foghlama atá beartaithe.

(Féach an Ghluais thíos le haghaidh sainmhínte ar 'churaclam' agus ar 'siollabas'.)

3.4 SAMHAIL AILÍNITHE LEIS AN CCTE A ROGHNÚ

D'fhéadfadh go mbeadh comhpháirt amháin nó níos mó de churaclam i bhfeidhm ag soláthraithe ELE, m.sh. curaclam, siollabas agus clár an chúrsa/scéimeanna oibre, nó d'fhéadfadh nach mbeadh achsiollabas agus clár an chúrsa/scéimeanna oibre. Féadfaidh soláthraithe oibriú freisin le siollabas bunaithe ar leabhar cúrsa roghnaithe ELE.

Cabhróidh na ráitis thíos le soláthraithe ELE cinneadh a dhéanamh ar an tsamhail ailínithe is fearr dóibh a roghnú dá gcomhthéacs sonrath teagaisc agus foghlama.

3.4.1 Ceisteanna le breithniú ag soláthraithe ELE maidir le conas samhail ailínithe a roghnú:

Which of these scenarios does your programme most closely identify with? Please select all that apply:

- i) Tá struchtúr loighciúil ar an gclár agus réasúnaíocht shoiléir agus torthaí foghlama atá saindeartha do riachtanais na bhfoghlaimoirí
- ii) Tá liosta pointí ábhair sa chlár a thacaíonn leis an gcuraclam, i.e. siollabas.
- iii) Tá liosta pointí ábhair sa chlár ach níl aon torthaí foghlama uileghabhálacha beartaithe ná feidhmeanna cumarsáide.
- iv) Leanann an clár siollabas ó leabhar cúrsa roghnaithe

Roghnú rogha (i) agus/nó (ii): lean **Samhail Ailínithe A** thíos in 5.

Roghnú rogha (ii) agus/nó (iv): lean **Samhail Ailínithe B** thíos in 5.

Tá na próisis a gcuirtear síos orthu sna treoirínte seo bunaithe ar leagan achomair den phróiseas atá mionsonraithe in *Aligning Language Education with the CEFR: A Handbook (2022)*. Cuirtear síos sna treoirínte seo ar na bunchéimeanna in ailíniú a bhaineann le comhthéacs na hearnála ELE in Éirinn chun modh intuigthe agus indéanta ailínithe a chur ar fáil do sholáthraithe.

(Feach [Aligning Language Education with the CEFR: A Handbook, 2022](#), ✨ *Chapters 2-6*.)

4 CINNÍ A CHAITHFEAR A DHÉANAMH ROIMH THÚS AN PHRÓISIS AILÍNITHE

4.1 GRÚPA CINNTEOIREACHTA A CHRUTHÚ

Ba cheart go dtosódh an bainisteoir/na bainisteoirí acadúla trí ghrúpa scairshealbhóirí, nó Grúpa teoireachta a chruthú. Roghnaítear rannpháirtithe an Ghrúpa Cinnteoireachta bunaithe ar chritéir a chinneann an bainisteoir/na bainisteoirí acadúla, agus ba cheart go mbeadh tuiscint éigin ag gach rannpháirtí ar dhul chun cinn leibhéal CCTE. Ba cheart gur próiseas comhoibritheach é ó thús deireadh; mar sin, ba cheart go mbeadh roinnt ball foirne acadúla páirteach sa Ghrúpa Cinnteoireachta. Is féidir go roghnóidh soláthraithe ELE níos lú iarraidh ar gach ball foirne acadúil a bheith páirteach, agus i soláthraithe ELE níos mó, féadfaidh bainisteoirí acadúla rannpháirtithe a roghnú don Ghrúpa Cinnteoireachta bunaithe ar a gcáilíochtaí, a dtaithe agus/nó a bhfreagrachtaí.

Roghanna agus Grúpa Cinnteoireachta á chruthú:

- (i) Iarraidh ar gach ball foirne acadúil a bheith rannpháirteach. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh tuiscint éigin ag gach rannpháirtí ar fhorchéimniú leibhéal an CCTE, agus ba cheart cáilíochtaí agus/nó taithe chuí ag céatadán áirithe, m.sh. taithe ar fhorbairt curaclaim agus siollabas ar aon dul leis an CCTE, nó taithe ar úsáid a bhaint as ábhair atá ailínithe leis an CCTE.
- (ii) Iarraidh ar na múinteoirí a bhfuil taithe ábhartha acu a bheith páirteach i dtosach báire agus iarraidh ar mhúinteoirí eile a bheith páirteach níos déanaí, m.sh., ag an gcéim athbhreithnithe.
- (iii) Soláthraithe ELE níos lú: iarr ar mhúinteoirí a bhfuil taithe chuí acu agus tacaíocht a lorg ó shaineolaí seachtrach a earcú.

(Feach an Ghluais thíos do shainmhíniú ar an rud is ‘saineolaí seachtrach’ ann.)

Ba cheart don bhainisteoir/do na bainisteoirí acadúla comhordaitheoir a roghnú agus a cheapadh. In eagraíochtaí soláthraithe ELE níos mó, is minic gurb é seo an múinteoir ceannais, an comhordaitheoir nó an ceann acadúil don chlár sonrach ELE nó don spriocghrúpa foghlaimoirí atá á mheas, agus i gcás soláthraithe níos lú, d’fhéadfadh sé gurb é an bainisteoir acadúil a ghlacann ról an chomhordaitheora.

4.2 TRÉIMHSE AGUS BUISÉAD DON PHRÓISEAS A LEITHDHÁILEADH

Beidh tionchar ag an am a leithdháiltear agus ag na costais ar an méid is féidir le soláthraithe ELE a bhaint amach. D'fhéadfadh tionchar a bheith aige seo ar na roghanna acadúla a dhéantar m.sh., leibhéal an mhionsonraithe nó na sainiúlachta. Tá sé tábhachtach gach céim sa phróiseas a chomhlíonadh de bhrí gur cuid riachtanach é seo de bhailíochtú an ailínithe. Aithnítear, áfach, nach mór do sholáthraithe ELE oibriú laistigh dá n-acmhainn agus an méid is féidir a bhaint amach ar an gcéad dul síos. Tá sé tábhachtach an próiseas a mheas mar phróiseas atriallach agus orgánach agus an cuspóir maidir le bunsraith a chur i bhfeidhm a bhaint amach. Is féidir an bhunsraith a mhionathrú agus a leathnú amach, de réir mar is gá, le himeacht ama.

4.3 SCEIDEAL A THÓGÁIL DON PHRÓISEAS

Cinneann an bainisteoir/na bainisteoirí acadúla agus an Grúpa Cinnteoireachta ar sceideal, ionas go mbíonn am machnaimh ann laistigh de na céimeanna agus idir na céimeanna. Féadfaidh raon feidhme an sceidil a bheith mar chuid d'argóint an tsoláthraí ELE ar son bailíochtú trína léiriú go ndearnadh cinntí go tráthúil.

(Féach Aguisín a hAon thíos go bhfaighe tú liosta ceisteanna le machnamh a dhéanamh orthu, agus [Aligning Language Education with the CEFR: A Handbook, 2022:17](#). ✎)

4.4 AN PRÓISEAS A DHOICIMÉADÚ

Tuairiscítear gach céim den phróiseas. Tá an tuairisciú seo cuimsithe i sraith doiciméad, atá riachtanach chun:

- (i) fianaise a sholáthar do bhailíochtú an phróisis agus na dtorthaí
- (ii) taifead ar réasúnaíocht a chruthú chun eolas a sholáthar d'atriallta amach anseo.

I gcás gach céime, lena n-áirítear na cinntí sin a rinneadh roimh thús an phróisis, déantar na nithe seo a leanas a dhoiciméadú:

- na critéir roghnúcháin do rannpháirtithe sa Ghrúpa Dearaidh agus saineolas agus ról na rannpháirtithe
- na céimeanna éagsúla a glacadh laistigh de gach céim den phróiseas
- cur síos ar na cinntí a rinneadh, chomh maith le conas agus cén fáth a ndearnadh iad
- torthaí gach céime ar leith

Soláthraíonn na tuarascálacha seo fianaise do mhonatóireacht ar cháilíocht agus ar dhearbhu cáilíochta ag céimeanna deiridh den phróiseas

4.5 NÓTA AR NA FOGHLAIMEOIRÍ ÓGA

Sainmhíníonn Comhairle na hEorpa foghlaimeoirí óga mar iad siúd idir 7 agus 15 bliana d'aois. Is é 11-16/17 próifíl aoise tipiciúil na bhfoghlaimeoirí óga a dhéanann staidéar ar chlár ELE ag soláthraí ELE Éireannach. Tá an CCTE deartha d'fhoghlaimeoirí óga fásta agus d'fhoghlaimeoirí lánfhásta agus mar sin níl sé oiriúnach d'fhoghlaimeoirí óga. Mar sin féin, tá dhá thacar de Thuairisceoirí CCTE ann anois a léiríonn riachtanais agus cumas cognaíocha na bhfoghlaimeoirí óga. Cuimsíonn siad seo na Tuairisceoirí CCTE atá ábhartha don aoisghrúpa 7-15, mar aon le roinnt tuairisceoirí ó phunanna creidiúnaithe. Ba cheart do sholáthraithe ELE a thairgeann cláir ELE d'fhoghlaimeoirí óga úsáid a bhaint as na tuairisceoirí feidhmíochta a roghnaítear go háirithe sna doiciméid seo. Is mar a chéile an próiseas, ach tá na tuairisceoirí bailíochtaithe ag foireann saineolaithe mar thuairisceoirí a d'oirfeadh d'fhoghlaimeoirí óga.

(Féach Tagairtí agus Léitheoireacht Bhreise thíos le do thoil le haghaidh naisc chuig na tacair seo de Thuairisceoirí d'Fhoghlaimeoirí Óga.)

Níl an CCTE oiriúnach d'fhoghlaimeoirí an-óga faoi 7 mbliana d'aois. Má thairgeann soláthraithe ELE cláir, m.sh., le grúpaí teaghlaigh, don chohórt foghlaimeora seo, ba cheart dóibh modhanna eile a lorg chun a n-ábhar a bhailíochtú go seachtrach, m.sh., trína gcláir a ailíniú le cláir bhunscoile stáit.

5 SAMHLACHA AILÍNITHE: SAMHAIL A AGUS SAMHAIL B

Déanann an chuid seo cur síos ar an bpróiseas lárnach maidir le curaclam agus siollabais a ailíniú leis an CCTE. Mar a luadh thuas, féadfaidh soláthraithe ELE ceann amháin de dhá shamhail ailínithe a roghnú:

- Samhail A: Curaclam agus siollabas reatha soláthraí a ailíniú leis an CCTE.
- Samhail B: Curaclam agus siollabas nua a chur i dtoll a chéile ón CCTE.

5.1 SAMHAIL AILÍNITHE A: CURACLAIM AGUS SIOLLABAIS REATHA A AILÍNIU LEIS AN CCTE

Sa chuid seo déantar cur síos ar an bpróiseas lárnach chun curaclam agus siollabas reatha a ailíniú leis an CCTE. Áiríonn an próiseas a gcuirtear síos air samplaí do chomhthéacs Ginearálta Béarla chomh maith le comhthéacsanna ar leith, ar nós Béarla do Chuspóirí Acadúla nó ullmhúchán do scrúdú inniúlachta seachtrach. Ba cheart do sholáthraithe ELE cloí leis an bpróiseas seo, rud a bheidh mar bhonn eolais don argóint maidir le bailíochtú. Féadfaidh na sonraí laistigh de gach céim a bheith difriúil de réir acmhainní soláthraithe ELE, mar a leagtar amach in 4.1 thuas.

Leagtar amach sna treoirínte seo ceithre chéim lánacha den phróiseas:

Céim A: Dul i dtaithí

Céim B: Sonrú

Céim C: Caighdeánú

Céim D: Bailíochtú (deimhniú cáilíochta)

A Dul i dtaithí	Forbairt eolais an próiseas trína bhféachtar chuige go bhfuil eolas ag an nGrúpa Cinnteoireachta ar thuirisceoirí, leibhéal agus cur chuige an CCTE
B Sonrú	Anailís: an próiseas trína ndéantar curaclam an chúrsa ailíniú le
C Caighdeánú	Cinnteoireacht: an próiseas mionsonraithe trína ndéantar siollabas a ailíniú le tuairisceoirí CCTE agus ar fud na mód ábhartha ag gach leibhéal
D Bailíocht	Checking: próisis inmheánacha a chur i bhfeidhm chun caighdeáin a sgeuceáil agus a gcáilíocht a dhearbú

5.1.2 Pointí le breithniú don bhainisteoir acadúil:

- (i) Na céimeanna difriúla a leagan amach don Ghrúpa Cinnteoireachta roimh thús an phróisis ar mhaithe le soiléire
- (ii) De réir mar a ghabhann an grúpa trí na céimeanna, cuir am i leataobh idir na céimeanna le gur féidir le baill an Ghrúpa Cinnteoireachta a gcuid machnaimh a dhéanamh.
- (iii) Is féidir gach céim a leathnú, ag brath ar an am agus na hacmhainní atá ar fáil.
- (iv) Níor cheart don Ghrúpa Cinnteoireachta aon chéim a laghdú nó dhá chéim a chomhtháthú mar atá leagtha amach sna treoirínte seo

(Feach [Aligning Language Education with the CEFR: A Handbook](#) (2022) chun sonraí a shoiléiriú agus/nó céimeanna sa phróiseas a leathnú.)

5.1.3 Céim A: Dul i dtaithe

Cuspóir

- A chinntiú go mbíonn gach rannpháirtí ar an eolas faoi chuspóir agus cur chuige an CCTE.
- Le fáil amach cad iad na scálaí is mó a bhaineann le comhthéacs an churaclaim ar leith atá á ailíniú.

Nóta: tagraíonn gach uimhir leathanaigh sna grafaicí thíos do

[CEFR Companion Volume \(2020\)](#) 

1 Tabhair an t-am do dhaoine na scálaí a léamh chun tuiscint a fháil ar raon feidhme agus feidhmiú na scálaí

Má tá tú ar an eolas faoin CCTE.

Mura bhfuil tú ar an eolas faoin CCTE, féach ar na Scálaí

2 Labhair mar ghrúpa chun tuiscint ar na eibhéil éagsúla a chothú

C: An bhfuil aon rud ann a d'athraigh an tuiscint a bhí agat air? Cén fáth?

Cuir na tuairisceoirí feidhmíochta in sraith leibhéal.

3 le Adoon tthaiagirhis ccinatd na scálaí agus na leibhéil a bhaineann

C: Cad iad ba scálaí lena

C: Cad iad na leibhéil lena

4 Doiciméadaigh an próiseas, ról na rannpháirtithe agus na cinntí a rinneadh, mar aon leis an réasúnaíocht.

5.1.4 Pointí le cur san áireamh

- Ní gá do rannpháirtithe na scálaí ná na tuairisceoirí feidhmíochta a chur de ghlanmheabhair. Díritear ar eolas a chur ar an gcur chuige agus tosú ag smaoineamh ar leibhéil agus ar dhul chun cinn.
- I gCéim A, mura bhfuil cur amach ag an nGrúpa Cinnteoireachta ar an CCTE, ba cheart dóibh scálaí a úsáid ar an leibhéal foriomlán. Má tá cur amach ag an nGrúpa Cinnteoireachta ar an CCTE, b'fhéidir gur mhian leis an mbainisteoir(i) acadúla scálaí a roghnú a d'fhéadfadh a bheith níos dúshlánaí don Ghrúpa, m.sh., labhairt.
- I gcás Chéim A, ag smaoineamh ar chomhthéacs ar leith, b'fhéidir gur mhian leis an mbainisteoir(i) acadúla cuid de na scálaí ar cheart don Ghrúpa Cinnteoireachta díriú orthu a réamhroghnú, m.sh. do chúrsa Gnó sa Bhéarla, fócas ar Chomhfhreagras a Léamh (lch 54) níos ábhartha ná Léitheoireacht mar Ghníomhaíocht Fóillíochta (lch 58). Díritear, áfach, ar na leibhéil ghinearálta a thuiscint agus déanfar cinntí maidir leis na scálaí atá ábhartha nuair a dhéanfaidh an Grúpa Cinnteoireachta plé i gCéim 3.

- Tar éis Céim 3, tabhair am don Ghrúpa Cinnteoireachta chun machnamh a dhéanamh ar an ngníomhaíocht agus cé chomh fada agus a chuir a dtaithe agus a n-eolas féin lena dtuiscint, agus an raibh rud ar bith a chuir dúshlán faoi.

(Féach Aguisín a Dó thíos go bhfaighe tú gníomhaíochtaí samplacha agus [Aligning Language Education with the CEFR: A Handbook \(2022\) Chapter 2](#)*)

5.1.5 Céim B: Sonrú

Cuspóir

- Anailís a dhéanamh ar na leibhéil a bhfuil ionadaíocht acu sa ghrúpa foghlaimeoirí atá á meas agus conas a d'fhéadfaí curaclam an ghrúpa seo a léiriú sna leibhéil CTE:

1 Seiceáil go n-aontaíonn an Grúpa Cinnteoireachta ar dháileadh na leibhéil don ghrúpa foghlaimeoirí.

C: Cé na leibhéil a shainnítear i gcuraclam an chúrsa?

2 Ag baint úsáid as an tuiscint ó Chéim A, aontaigh cé na leibhéil CTE a léirítear sa ghrúpa foghlaimeoirí

C: Cé mhéad leibhéal den CTE a léireofar ar fud an ghrúpa foghlaimeora ar fad?

C: Cé mhéad leibhéal den CTE a léirítear i rang amháin sa ghrúpa foghlaimeoirí?

3 Pléigh ceisteanna a bhaineann le haon solúbthacht i dtéarmaí leibhéal

C: An féidir leat a aithint cá háit a dtrasnaíonn na leibhéil éagsúla sa ghrúpa foghlaimeoirí ar a chéile nó a n-athraítear iad?

C: An bhfuil aon trasnú/athrá idir leibhéil inmhianaithe? Cén fáth?

4 Seiceáil cinntí a rinneadh i gCéim 3 in Dul i dTaithe

C: Cad iad na scálaí is gá agus cad iad na cuspóirí foghlama?

Q: Which scales are needed at each level within the learner group?

5 An próiseas, ról na rannpháirtithe agus na cinntí a rinneadh, mar aon leis an réasúnaíocht, a dhoiciméadú

5.1.6 Pointí le cur san áireamh

- Ag an gcéim seo, tá sé tábhachtach a bheith dírithe i gcónaí ar na scálaí a léiríonn riachtanais an spriocghrúpa foghlaimeoirí seachas curaclam an tsoláthraí ELE.
- Níl sé riachtanach go léireodh an spriocghrúpa foghlaimeoirí gach leibhéal den CTE agus d'fhéadfadh próifíl spriocghrúpa foghlaimeoirí ar leith seasamh do níos mó ná leibhéal CTE amháin.
- D'fhéadfadh go mbeadh roinnt forluí idir na scálaí idir spriocghrúpaí foghlaimeoirí, m.sh., d'fhéadfadh roinnt Tuairisceoirí Feidhmíochta ó leibhéal A2 a bheith i

mbunghrúpa agus i ngrúpa idirmheánach íseal araon.

- I gCéim 4, féadfaidh scálaí ábhartha athrú trí na leibhéil, m.sh., ag leibhéal níos ísle, b'fhéidir nach mbeadh Léitheoireacht le haghaidh Pléisiúir ábhartha ach d'fhéadfadh sé a bheith ábhartha ag leibhéal níos airde.
- Tar éis Céim 4, tabhair an t-am don ghrúpa a gcuid machnaimh a dhéanamh ar an bpróiseas agus ar a shásta atá siad lena n-anailís.

(Féach Aguisín a Trí thíos do ghníomhaíochtaí samplacha agus [Aligning Language Education with the CEFR: A Handbook, 2022, Chapter 3](#))

5.1.7 Céim C: Caighdeánú

Cuspóir

- Le cinneadh a dhéanamh cad iad na míreanna den siollabas a thagann le scálaí an CCTE agus na tuairisceoirí feidhmíochta
- Chun cinntí a shainnithint agus a dhéanamh mar gheall ar aon mhír atá ar iarraidh nó sa bhreis

1 Seiceáil comhaontú i gCéim B4

C: An mian leat aon athruithe a dhéanamh? Más mian, cén fáth?

2 I gcás gach leibhéil, seiceáil an siollabas i gcomparáid le tuairisceoirí feidhmíochta an CCTE

Gníomhaíocht: Féach an siollabas do leibhéal ar leith laistigh den ghrúpa foghlaimoirí Déan comparáid leis na scálaí ag an leibhéal roghnaithe den CCTE.

3 Malartaigh agus seiceáil laistigh den Ghrúpa Cinnteoireachta

Aon athruithe ar an bhfoclaíocht i bhfianaise tuairisceoirí feidhmíochta an CCTE a chomhaontú

4 Aithin cad atá ar iarraidh ón siollabas don ghrúpa foghlaimoirí agus cad atá sa bhreis

C: An mian leat aon tuairisceoirí feidhmíochta sa CCTE nach bhfuil i do shiollabas faoi láthair a chur san áireamh? Cén fáth?

C: An mian leat aon chodanna de do shiollabas a fhágáil amach? Cén fáth?

5 Réasúnachtaí a aontú maidir le haon chumais i scálaí den CCTE atá ar lár i do shiollabas a chur isteach nó a fhágáil amach, chomh maith le réasúnaíocht chun aon chumais bhreise atá sonraithe i do churaclam/siollabas a choinneáil nó a chur i leataobh.

6 An próiseas, róil na rannpháirtithe agus na cinntí a rinneadh, mar aon leis an réasúnaíocht, a dhoiciméadú

5.1.8 Pointí le cur san áireamh

- Cinneann an Grúpa Cinnteoireachta conas obair ailínithe an tsiollabais a roinnt bunaithe ar acmhainní, m.sh., cibé acu ar cheart díriú ar ailíniú leibhéil amháin nó leibhéil éagsúla in aon chruinniú amháin, nó ar cheart grúpaí ar leithligh a shannadh a thagann le chéile agus a phléann le daoine eile níos déanaí.
- Tá sé tábhachtach a mheabhrú gur dócha go mbeidh foclaíocht shiollabas an tsoláthraí ELE difriúil ó fhoclaíocht tuairisceoirí feidhmíochta an CCTE, ag brath ar riachtanais an spriocghrúpa foghlaimeoirí, ach tá sé tábhachtach an mheaitseáil is dlúithe is féidir a úsáid. Ní gá go mbeadh foclaíocht shiollabas an tsoláthraí mar an gcéanna leis na tuairisceoirí feidhmíochta, ach ba cheart go léireodh sé a rún agus a mbrí.
- D'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó ná tuairisceoir feidhmíochta amháin ag roinnt gnéithe den siollabas. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go n-áireofaí i siollabas labhartha úsáid a bhaint as raon teanga chun tuairimí a thabhairt a d'fhéadfaí a léiriú ar scálaí éagsúla sa CCTE, m.sh., Táirgeadh ó Bhéal agus Inniúlacht Theangeolaíoch. Mar an gcéanna, féadfaidh siollabas torthaí foghlama ar leith a shonrú nach gclúdaítear ach le tuairisceoir feidhmíochta CCTE amháin. Mar shampla, d'fhéadfadh siollabas scríbhneoireachta 'tuairimí a thabhairt' agus 'samplaí tacaíochta a úsáid' a shonrú mar chuspóirí ceachta ar leith ach is féidir iad seo a chlúdach le tuairisceoir feidhmíochta amháin i scálaí Táirgeadh Scríbhneoireachta an CCTE.
- D'fhéadfadh sé go mbeadh athrá i measc na leibhéil éagsúil i gcúrsa. Féadfaidh an Grúpa Cinnteoireachta a chinneadh gur oideolaíocht inmhianaithe í seo, go háirithe le grúpaí foghlaimeoirí níos óige. Mar sin féin, ba cheart don Ghrúpa Cinnteoireachta a chinntiú go dtarlaíonn aon athrá ar thoradh foghlama ag tús nó ag deireadh cúrsa a léiríonn dul chun cinn na foghlama ar fud leibhéil an CCTE.
- Má tá an siollabas sainithe ag leabhar an chúrsa atá sannta do chúrsa, tá sé ríthábhachtach gan glacadh leis go bhfuil an leabhar ailínithe leis an CCTE cheana féin, in ainneoin mhaímh an fhoilsitheora. Ba cheart don Ghrúpa Cinnteoireachta a bpróiseas ailínithe féin a sheoladh chun na maímh sin a sheiceáil agus is féidir go dtiocfar ar dhifríochtaí suntasacha. Beidh ar an nGrúpa Cinnteoireachta ansin aon leasuithe is mian leo a dhéanamh bunaithe ar sprioc-riachtanais an fhoghlaimeora agus ar chuspóir na foghlama a chomhaontú.
- Tar éis Céim 5, tabhair an t-am don ghrúpa a gcuid machnaimh a dhéanamh ar na torthaí agus cé chomh maith agus is féidir leo a gcinntí a chosaint.

(*Féach Aguisín a Ceathair do ghníomhaíochtaí samplacha agus [Aligning Language Education with the CEFR: A Handbook, 2022, Chapter 4](#)*)

5.1.9 Céim D: Bailíochtú


Cuspóir

- Bonn fianaise a chur i dtoll a chéile chun tacú le maímh go bhfuil an curaclam á ailíniú go hiontaofa leis an CCTE
- Chun tuairisciú ar na próisis, ar an fhianaise a bailíodh, agus ar na cinntí a rinneadh i bhfoirm doiciméid shoiléire.
- Le cinntiú go bhfuil próiseas leanúnach ann chun caighdeáin cháilíochta a sheiceáil.

1 Doiciméid a sheiceáil	
An ndearnadh gach próiseas agus cinneadh, mar aon leis an réasúnaíocht, a dhoiciméadú le fianaise mhionsonraithe chúí?	An bhfuil na doiciméid soiléir agus intuigthe do na geallsealbhóirí ar fad?
2 Déan torthaí foghlama a dhearadh agus a scríobh do na pointí áhair ag gach	
C: Cad é an toradh foghlama foriomlán maidir le gach pointe den ábhar nó den siollabas?	C: Cé mhéad de na pointí sonracha siollabais nó ábhair a bhfuil slí dóibh i dtoradh foghlama?
3 Próiseas DC a fhorbairt	
Conas a dhéanfar an t-aiseolas ón gcur i bhfeidhm a bhainistiú agus a léiriú san ailíniú?	Cad iad na céimeanna is féidir a chur i bhfeidhm do sheiceálacha leanúnacha ar cháilíocht, m.sh. bliantúil?

5.1.10 Pointí le cur san áireamh

- Tá sé tábhachtach a thuiscint nach toradh deiridh é an bailíochtú. Féadfaidh an Grúpa Cinnteoireachta maímh a liostú óna mbonn fianaise, agus tacaíonn na maímh seo le neart na hargóna don bhailíochtú. Ní leagan ‘ceart’ nó ‘mícheart’ atá faoi chaibidil anseo. Ina theannta sin, is dócha go n-éireoidh bailíochtú ailíniú an tsoláthraí níos láidir thar thréimhse ama trí athbhreithniú agus tuilleadh feabhsuithe agus forbartha.
- Féach chuige go mbíonn gach doiciméad intuigthe do gach geallsealbhóir agus smaoinigh ar a inléite atá sé.
- Tóg plean cumarsáide do phríomh-gheallsealbhóirí m.sh. an fhoireann acadúil agus an Coiste Rialachais Acadúil, ionas go dtéitear i gcomhairle in am trátha le haon gheallsealbhóir is gá a bheith bainteach leis.
- Is féidir go dteastóidh ón soláthraí ELE dul i gcomhairle le saineolaí seachtrach chun próisis, tuairisciú agus argóintí a dheimhniú.
- Tar éis Céim 3, tabhair am don Ghrúpa Cinnteoireachta a gcuid machnaimh a dhéanamh ar dhinimic agus torthaí an phróisis iomláin agus na gcinntí a rinneadh agus cibé ar mhéadaigh sé a dtuiscint agus a saineolas.

(Féach [Aligning Language Education with the CEFR: A Handbook, 2022:45 and Chapter 6.](#) )

5.2 SAMHAIL AILÍNITHE B: CURACLAM AGUS SIOLLABAS ÓN CCTE A FHORBAIRT

D’fhéadfadh sé go mbeadh ar sholáthraithe ELE curaclam a fhorbairt do chúrsa Béarla Ginearálta nó do chomhthéacs foghlama ar leith, m.sh. Béarla do Chuspóirí Acadúla nó clár ullmhúcháin do scrúdú inniúlachta seachtrach. Sa chás seo, úsáidfidh an Grúpa

Cinnteoireachta na critéir (tuairisceoirí feidhmíochta) atá sa CCTE chun cabhrú leo curaclam ailínithe a fhorbairt don chúrsa ar leith. I bhformhór na gcásanna, beidh siollabas de chineál éigin in úsáid ag soláthraithe, fiú más siollabas bunúsach bunaithe ar ábhar leabhar an chúrsa é seo. Is fearr tosú leis seo, i.e., úsáid a bhaint as a bhfuil ar fáil do sholáthraithe cheana féin seachas iarracht a dhéanamh rud éigin nua a chruthú, agus ansin an curaclam agus an siollabas a fhorbairt ón mbonn oibre seo.

Ba chóir go leanfadh an Grúpa Cinnteoireachta an próiseas iomlán atá leagtha amach thíos, ag baint úsáid as critéir CCTE chun an curaclam agus an siollabas a thógáil agus a bhailíochtú. Is ionann céimeanna A agus D agus na próisis a leagtar amach i Samhail Ailínithe A ar leathanaigh 32-38. Baineann céimeanna B agus C go sonrach le forbairt curaclaim agus/nó siollabas agus leagtar amach thíos iad:

Céim A: Dul i dtaithí

Céim B: Sonrú

Céim C: Caighdeánú

Céim D: Bailíochtú (deimhniú cáilíochta)

A Dul i dtaithí	Forbairt eolais an próiseas trína bhféachtar chuige go bhfuil eolas ag an nGrúpa Cinnteoireachta ar thuirisceoirí, leibhéal agus cur chuige an CCTE
B Sonrú	Dearadh an próiseas trína scríobhtar torthaí foghlama ó do chomhthéacs foghlama ar leithnt
C Caighdeánú	Cinnteoireacht: Do thorthaí foghlama a mheaitseáil le leibhéal an CCTE agus tuairisceoirí feidhmíochta ábhartha a aontú.
D Bailíocht	Seiceáil: próisis inmheánacha a chur i bhfeidhm chun caighdeán a sheiceáil agus a gcáilíocht a dhearbhu

5.2.1 Céim B: Sonrú

Cuspóir

- Cuspóirí foghlama foriomlána a chruthú ar leibhéal an churaclaim ó na rudaí ar leith sa siollabas mionsonraithe

1 Seiceáil go n-aontaíonn an Grúpa Cinnteoireachta ar dháileadh na leibhéal don chúrsa.

C: Cad iad na leibhéil is féidir a aithint sa ghrúpa foghlaimeoirí

2 Ag baint úsáid as an tuiscint ó Céim A, aontaigh cé na leibhéil CCTE a léirítear sa ghrúpa hlaimeoirí

C: Cé mhéad leibhéal den CCTE a léireofar ar fud an ghrúpa foghlaimeora ar fad?

C: Cé mhéad leibhéal den CCTE a léirítear i rang amháin sa ghrúpa foghlaimeoirí?

3 Déan torthaí foghlama a dhearadh agus a scríobh do na pointí áhair ag gach leibhéal

C: Cad é an toradh foghlama foriomlán maidir le gach pointe den ábhar nó den siollabas?

C: Cé mhéad de na pointí sonracha siollabais nó ábhair a bhfuil slí dóibh i dtoradh foghlama?

4 Seiceáil cinntí a dhéantar mar Ghrúpa Cinnteoireachta

C: An bhfuil tú sásta leis na focail atá sna torthaí foghlama san iomlán?

C: An léiríonn do shraithe nua torthaí foghlama riachtanais foghlaimeoirí?

An próiseas, ról na rannpháirtithe agus na cinntí a rinneadh, mar aon leis an réasúnaíocht, a dhoiciméadú

5.2.2 Pointí le cur san áireamh:

- I gCéim 3, is féidir go dteastóidh ón nGrúpa Cinnteoireachta seiceamh an tsiollabais a mhionathrú.
- Tar éis Céim 4, tabhair an t-am don Ghrúpa Cinnteoireachta a gcuid machnaimh a dhéanamh ar an bpróiseas agus cé chomh maith agus is féidir leo a gcinntí a chosaint.

(Féach Aguisín a Cúig do ghníomhaíochtaí samplacha.)

5.2.3 Céim C: Caighdeánú

Cuspóir

- Torthaí foghlaimeoirí nua a mheaitseáil leis na leibhéil, na scálaí ábhartha agus na tuairisceoirí feidhmíochta sa CCTE
- A chinntiú go léiríonn an siollabas tacaíochta na tuairisceoirí feidhmíochta ábhartha sa CCTE.

1 Seiceáil comhaontú i gCéim B4

C: An mian leat aon athruithe a dhéanamh? Más mian, cén fáth?

2 I gcás gach leibhéil, seiceáil na torthaí foghlama nua (curaclam) i gcomparáid le tuairisceoirí feidhmíochta an CCTE

Féach na scálaí ábhartha den CCTE do leibhéal ar leith laistigh den ghrúpa foghlaimeoirí. Déan comparáid/meaitseáil leis na torthaí foghlama i do churaclam nua.

(Féach Aguisín a Cúig do ghníomhaíochtaí samplacha.)

3 Malartaigh agus seiceáil laistigh den Ghrúpa Cinnteoireachta

Aon mhionathruithe is gá i bhfianaise tuairisceoirí feidhmíochta an CCTE a chomhaontú. Féach le haon réimse suibíochtúlachta féideartha a choigeartú i bhfocail na dtorthaí foghlama nua agus cur síos níos oibiachtúla tugtha, mar shampla, i samplaí, i bpróifílí nó i ngráid.

4 An próiseas, ról na rannpháirtithe agus na cinntí a rinneadh, mar aon leis an réasúnaíocht, a dhoiciméadú

5.2.4 Pointí le cur san áireamh

- Léireoidh torthaí foghlama an tsoláthraí an bhrí agus an rún ach ní gá dóibh foclaíocht bheacht na dtuairisceoirí an CCTE a léiriú
- Agus cinntí á bplé i gCéim 3, tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios ag an nGrúpa Cinnteoireachta nach cinneadh mícheart nó ceart atá i gceist ach tuairimí a chalabrú agus béim a chur ar réimsí amhrais.
- Tar éis Céim 3, tabhair an t-am don Ghrúpa Cinnteoireachta chun a gcuid machnaimh a dhéanamh ar aon réimsí amhrais agus ar na torthaí, agus cé chomh fada agus is féidir leo a gcinntí a chosaint, dar leo.

(Féach Aguisíní a Cúig agus a Sé.)

GLUAIS TÉARMAÍ MAR A ÚSÁIDTEAR SNA TREOIRLÍNTE SEO IAD

Curaclam: sa doiciméad seo, glactar leis gurb é an curaclam an leibhéal is airde san ordlathas; cuirtear síos ann ar fhócas na foghlama agus ar spriocanna agus ar thorthaí foghlama foriomlána a chuirtear in ord ar fud chlár iomlán ELE. Sainíonn sé an plean ábhair nó an clár staidéir iomlán.

Siollabas: tá sé seo faoi réir an churaclaim agus sainítear ann treoracha agus gníomhaíochtaí sonracha laistigh den churaclam do ghrúpaí ar leith; is féidir é go léireofar é mar ghnéithe teanga agus scileanna, mar aon le clár cúrsa/scéimeanna oibre de thorthaí foghlama nó cuspóirí gach ceachta nó aonad foghlama.

Grúpa Cinnteoireachta: is é seo an grúpa a chruthaíonn soláthraí ELE chun na cinní a phlé agus a dhéanamh faoi ailíniú na gclár ELE leis an CCTE. Tá an grúpa freagrach, leis, as tuairisciú ar a gcuid oibre chun tacú leis an argóint bailíochtaithe agus ullmhú di.

Saineolaí/Saineolas Seachtrach

D'fhéadfadh sé nach mbeadh foireann acadúil atá cáilithe go cuí ar fáil do sholáthraithe ELE níos lú chun páirt a ghlacadh sa Ghrúpa Cinnteoireachta. Sa chás seo, féadfaidh siad rogha a dhéanamh cabhair a iarraidh ó shaineolaí seachtrach ELE, m.sh., ó chomhsholáthraí ELE, comhairleoireacht teanga nó eagraíocht chreidiúnaithe.

Téarmaí cineálacha leibhéil: tosaitheoir, bunrang, idirmheánach, meánleibhéal uachtarach, ardleibhéal Úsáidtear na téarmaí leibhéil seo mar thagairtí cineálacha i samplaí. Féadfaidh a slí féin a bheith ag soláthraithe ELE chun a leibhéal a lipéadú, agus is téarmaí cineálacha iad seo. Úsáideann go leor soláthraithe ELE lipéid leibhéil CCTE cheana, m.sh., A2, agus féadfaidh siad úsáid a bhaint as fo-ranna de na leibhéil seo, m.sh., A2.1, A2+, ach ba cheart iad seo a sheiceáil go cúramach tríd an bpróiseas ailínithe chun a chinntiú go bhfuil gach lipéad díobh cruinn.

Scálaí agus tuairisceoirí feidhmíochta

Tagraíonn **scálaí** do na táblaí gníomhaíochtaí sa CCTE, m.sh.,

Léitheoireacht ar mhaithe le Treoshuíomh, Malartú Faisnéise

Tagraíonn **tuairisceoirí feidhmíochta** do na sainchumais a gcuirtear síos orthu laistigh de gach leibhéal de gach scála, m.sh.

Scála: Ag cur faoi agallamh agus ag dul faoi agallamh

Tuairisceoir Feidhmíochta A2:

In ann ceisteanna simplí a fhreagairt agus freagairt do ráitis shimplí in agallamh.

Sonrú agus caighdeánú

Sonrú: an próiseas trína ndéantar anailís ar a bhfuil ag soláthraí ELE, nó an méid a theastaíonn ó sholáthraí a dhearadh don raon leibhéal atá aige, agus seiceáil i gcomparáid leis an CCTE.

Caighdeánú: torthaí foghlama soláthraí ELE a chomhaontú i gcomparáid leis na scálaí sa CCTE (leis an leibhéal mionsonraí a oireann do riachtanais an tsoláthraí) leis an ngrúpa iomlán; fianaise a bhailiú agus a chur i láthair chun tacú le maíomh ailínithe an tsoláthraí

Bailíochtú

Tá ciall ar leith sa doiciméad le bailíochtú mar choincheap, mar a thuairiscítear in [Aligning Language Education with the CEFR: A Handbook, 2022:67](#)

Is éard is bailíochtú ann

- an próiseas trína ndéantar oiriúnacht a chinntiú: fianaise a bhailiú agus a chur i láthair chun tacú le maímh maidir le nascadh iontaofa leis an CCE
- oiriúnacht don fheidhm: an fhianaise a bhailiú chun argóint chomhleanúnach agus diongbháilte a chruthú chun tacú le maímh go bhfuil ailíniú iontaofa déanta leis an CCE

TAGAIRTÍ AGUS LÉITHEOIREACT BHREISE

Beacco, J-C., Byram, M., Cavalli, M., Coste, D., Egli Cuenat, M., Goullier, F. & Panthier, J. (2016), *Guide for the Development and Implementation of Curricula for Plurilingual and Intercultural Education*. Council of Europe. <https://www.coe.int/en/web/language-policy/guide-for-the-development-and-implementation-of-curricula-for-plurilingual-and-intercultural-education>

Boyd, E. (2022), Commonality versus localization in curricula, In Little, D. & Figueras, N. (Eds.) *Reflecting on the Common European Framework of Reference for Languages and its Companion Volume*. Bristol: Multilingual Matters.

British Council, UKALTA, EALTA & ALTE (2022): *Aligning Language Education with the CEFR: A Handbook* https://www.britishcouncil.org/sites/default/files/cefr_alignment_handbook_layout.pdf

Council of Europe, (2020): *Common European Framework of Reference for Languages: Learning, Teaching, Assessment (Companion Volume)* <https://rm.coe.int/common-european-framework-of-reference-for-languages-learning-teaching/16809ea0d4>

Council of Europe, (2018), *CEFR Descriptors for Young Learners Aged 7-10* <https://rm.coe.int/collated-representative-samples-descriptors-young-learners-volume-1-ag/16808b1688>

Council of Europe, (2018), *CEFR Descriptors for Young Learners Aged 11-15* <https://rm.coe.int/collated-representative-samples-descriptors-young-learners-volume-2-ag/16808b1689>

Richards, J.C. (2013), *Curriculum Approaches in Language Teaching: Forward, Central and Backward Design*, RELC Journal 44 (1): 5-33

UIRLISÍ TAGARTHA

Tá raon leathan uirlisí ar phríomhshuíomh gréasáin an CCTE m.sh. Uirlis inchoardaithe do thuairisceoirí

<https://www.coe.int/en/web/common-european-framework-reference-languages>

(Féach [Aligning Language Education with the CEFR](#) [Aligning Language Education with the CEFR: A Handbook, 2022, Tools and Resources, Section 4.3.2](#))

AGUISÍN A HAON: CEISTEANNA LE CUR SULA GCUIRTEAR TÚS LEIS AN BPRÓISEAS AILÍNITHE

1. Cén fáth atá leis seo?
2. Cad iad na céimeanna atá riachtanach inár gcomhthéacs agus dár gcuspóirí?
3. Cad iad na céimeanna a dtabharfaimid tús áite dóibh?
4. Cad iad na céimeanna a d'fhéadfadh a bheith neamhriachtanach?
5. Cé chomh fada is a thógfaidh an próiseas?
6. Cé mhéad a chosnóidh sé?
7. Cén saineolas a bheidh uainn, nó atá ar fáil dúinn?
8. Cad iad na hacmhainní (m.sh. am, maoiniú, saineolas) ar gá pleanáil dóibh?
9. Cad atá indéanta, i bhfianaise na n-acmhainní agus na dteorainneacha?

(Feach [Aligning Language Education with the CEFR: A Handbook, 2022:17](#))

AGUISÍN A DÓ: SAMHLACHA A AGUS B – SAMPLA DE GHNÍOMHAÍOCHT DHUL I DTAITHÍ


Gníomhaíocht 1

Roghnaigh dhá cheann nó trí cinn de na scálaí foriomlána. Cóipeáil agus ansin gearr suas na tuairisceoirí feidhmíochta mar Réamh-A1/A1-C2 (lena n-áirítear na bandaí uachtair agus íochtair laistigh de gach leibhéal) agus measc suas iad. Iarr ar na rannpháirtithe gach scála a ordú de réir leibhéil, ina n-aonar nó ina mbeirteanna. Ansin seiceáil agus pléigh mar ghrúpa.

Gníomhaíocht 2

Roghnaigh dhá cheann nó níos mó de na scálaí foriomlána atá difriúil le Gníomhaíocht 1. Cóipeáil na tuairisceoirí feidhmíochta i ngach scála roghnaithe in ord randamach. Déan cinneadh cén leibhéal lena mbaineann gach tuairisceoir feidhmíochta, ag tabhairt faoi deara go bhféadfadh níos mó ná tuairisceoir feidhmíochta amháin a bheith ag gach leibhéal. Seiceáil agus pléigh na fáthanna.

Is dócha gurb iad na scálaí foriomlána is úsáidí don Ghrúpa Cinnteoireachta ag an gcéim seo ach ba chóir dóibh raon iomlán na scálaí a thabhairt ar aird. Má tá na rannpháirtithe sa Ghrúpa Cinnteoireachta eolach ar an CCTE, is féidir go roghnóidh an bainisteoir(i) acadúla scálaí a roghnú a bhaineann go sonrach le comhthéacs an chúrsa a bhfuil an grúpa ag ailíniú leis, m.sh., do chlár Gnó Béarla: *Reading Instructions* or *Addressing Audiences*

Mar thagairt, scálaí foriomlána sa [CEFR Companion Volume](#) 

Tuiscint iomlán ó bhéal	lch48
Tuiscint iomlán léitheoireachta	lch53
Táirgeadh iomlán ó bhéal	lch62
Táirgeadh iomlán scríofa	lch66
Idirghníomhú iomlán ó bhéal	lch71
Idirghníomhú iomlán scríofa	lch 82
Raon ginearálta teangeolaíochta	lch130

AGUISÍN A TRÍ: SAMHAIL A – TEIMPLÉAD SAMPLACH DE SHONRÚ

Teimpléad chun curaclam a mhapáil (go siarghabhálah) le gach leibhéal den CCTE. Is leagan an-simplithe é seo de raon na bhfoirmeacha sna hAguisíní in *Aligning Language Education with the CEFR: A Handbook, 2022*, which can also be used if preferred.

		Samplaí
Dáta	dáta an chruinnithe cinnteoireachta	<i>30ú Meitheamh, 2023</i>
Spriofhoghlaimoirí	aois, riachtanais srl.	<i>16-18</i>
Fearann	Poiblí [pearsanta / ceirde/ oideachais	<i>Béarla Ginearálta; pearsanta</i>
Réimse/scil	Glacadh/táirgeadh srl.	<i>Lábhair and táirgeadh</i>
Leibhéal ranga	líon na leibhéal agus a n-ainmneacha	<i>4 leibhéal: - tosaitheoir - bunleibhéal - idirmheánach - Idirmheánach sinsearach</i>
Torthaí foghlama	Na torthaí foghlama i ngach leibhéal a shainiú don scil i dtrácht	<i>Bunleibhéal - Déan cur síos ar thopaicí a bhfuil cur amach maith agat orthu m.sh. tú féin, do theaghlach - déan cur síos ar ghnáthamh laethúil - úsáid nathanna simplí struchtúrtha - labhair faoi rudaí is maith leat agus nach maith leat (agus mar sin de i gcás na leibhéal eile)</i>
Scálaí an CCTE	Socraigh cén scála den CCTE sa scil i dtrácht a bhaineann leis na torthaí foghlama	<i>Táirgeadh iomlán ó bhéal Monalóg leanúnach: ag cur síos ar eispéiris</i>
Leibhéil an CCTE	Socraigh cad iad na leibhéil den CCTE i ngach scála roghnaithe a léiríonn na torthaí foghlama	<i>Táirgeadh iomlán ó bhéal A2 Monalóg leanúnach: ag cur síos ar eispéiris A1 agus A2 (bandaí uachtaracha agus íochtaracha)*</i>
Cinneadh leibhéil	Socraigh cén leibhéal den CCTE is fearr a ghabhann le leibhéal ranga sa Ghrúpa foghlaimoirí	<i>Bunleibhéal= A2 (NB le gnéithe A1)</i>

*D'fhéadfadh sé seo cabhrú le soláthraithe seicheamhú a gcuraclaim a sheiceáil/a choigeartú, más gá

AGUISÍN A CEATHAIR: SAMHAIL A – SAMPLA DE CHAIGHDEÁNÚ

aispeántar sa sampla seo an tslí a bhféadfá siollabas cúrsa don scríbhneoireachta i ngrúpa idirmheánach uachtarach* i mBéarla do Chuspóirí Acadúla a ailíniú. Is féidir go mbeidh sé riachtanach meaitseáil a dhéanamh le scálaí éagsúla, m.sh. An scála scríbhneoireachta foriomlán nó an scála inniúlachta ginearálta teangeolaíochta. Taispeántar sa sampla ailíniú féideartha agus pointí le plé.

*Féach an Ghluais ar leathanaigh 43-44 thuas do théarmaí an leibhéil chineálaigh teanga.

Sampla: Ag éirí as plé an Ghrúpa Cinnteoireachta ag Céim 2, tá socraithe ag baill an ghrúpa gur féidir an curaclam do ghrúpa foghlaimoír ar leith a ailíniú le B2 ar an CCTE.

¹ Roghnaíonn an GC an scála is gá don phointe curaclaim atá á phlé, sa chás seo Scríbhneoireachta: Tuarascálacha agus Aistí. Díríonn an Grúpa ar an leibhéal aontaithe (B2) agus ar na leibhéil ar gach aon taobh de, .i. B1 agus C1.

CCTE Scríbhneoireacht: Tuarascálacha agus Aistí

C1	In ann léirithe soiléire dea-struchtúrtha ar ábhair chasta a scríobh, ina gcuirtear béim ar na saincheisteanna suntasacha ábhartha.
	In ann tuairimí a leathnú agus tacú leo go pointe áirithe le fo-phointí, cúiseanna agus samplaí ábhartha.
	In ann réamhrá agus conclúid oiriúnach a scríobh ar thuirisc, alt nó tráchtas níos faide ar thopaic chasta acadúil nó gairmiúil ar an gcoinníoll go bhfuil an topaic laistigh dá réimse spéise agus go bhfuil deiseanna ann le haghaidh athdhréachtú agus athbhreithniú.
B2	In ann aiste nó tuairisc a scríobh ina ndéantar argóint a fhorbairt go córasach le béim chuí ar phointí suntasacha agus sonraí tacaíochta ábhartha. In ann cur síos mionsonraithe a dhéanamh ar phróiseas casta. In ann smaointe nó réitigh éagsúla ar fhadhb a mheas
	In ann aiste nó tuairisc a scríobh ina ndéantar argóint a fhorbairt agus ina dtugtar cúiseanna a thacaíonn le nó a chuireann in aghaidh dearcadh ar leith agus trína mínítear buntáistí agus míbhuntáistí roghanna éagsúla. In ann faisnéis agus argóintí ó roinnt foinsí a shintéisiú.
B1	In ann aistí gearra simplí a scríobh ar ábhair spéise.
	In ann téacs a scríobh ar ábhar tráthúla is díol spéise pearsanta é, i dteanga shimplí chun buntáistí agus míbhuntáistí a liostú, agus tuairim a thabhairt agus a chosaint.
	In ann achoimriú, tuairisciú agus a tuairim a thabhairt le hiontaoibh faoi fhaisnéis charntha fhíorasach ar ghnáthrudáí agus rudáí neamhchoitianta aithnidiúil laistigh dá réimsee.
	In ann tuairiscí an-ghearra a scríobh i bhformáid chaighdeánach thraidisiúnta, ina gcuirtear gnáthfhaisnéis fhíorasach ar aghaidh agus a luann cúiseanna le gníomhartha. In ann topaic a chur i láthair i dtuirisc nó i bpóstaer gearr, le grianghraif agus bloic ghearra téacs.

(CEFR Companion Volume, 2020:68)

Is é an chéad rud eile a dhéanann an Grúpa Cinnteoireachta ná breathnú ar conas sonraí an ábhair a ailíniú laistigh de seo. Is féidir teimpléad a úsáid chun é seo a dhéanamh:

SAMPLA: Scríbhneoireacht EAP (Aistí)		
Siollabas Idirmheánach Uachtarach	Tuairisceoir CCTE	Nótaí
Frásaí & teanga fhoirmiúil a úsáid		Féach an scála CLC
Raon teanga a úsáid: claoninsint		Féach an scála CLC
Ailt tosaigh in aistí		Gan a bheith clúdaithe?
Ailt a phleanáil & argóint a chothromú	B2 In ann aiste nó tuairisc a scríobh ina ndéantar forbairt ar argóint go córasach le béim chuí ar phointí suntasacha agus sonraí tacaíochta ábhartha.	Cinntí; <ul style="list-style-type: none"> An bhfuil sé seo inghlactha? An mian linn foclaíocht ár siollabais a oiriúnú? +An bhfuil sé seo sa suíomh is oiriúnaí in ord an tsiollabais?
Tuairimí a thabhairt, le tacaíocht	B2 In ann aiste nó tuairisc a scríobh ina ndéantar forbairt ar argóint, agus cúiseanna a thabhairt In ann aiste nó tuairisc a scríobh ina ndéantar argóint a fhorbairt agus ina dtugtar cúiseanna a thacaíonn le nó a chuireann in aghaidh dearcadh ar leith agus trína mhínítear buntáistí agus míbhuntáistí roghanna éagsúla.	Cinntí <ul style="list-style-type: none"> An bhfuil sé seo inghlactha? An mian linn foclaíocht ár siollabais a oiriúnú? +An bhfuil sé seo sa suíomh is oiriúnaí in ord an tsiollabais?
Foinsí a úsáid chun argóint a thacú	B2 In ann faisnéis agus argóintí ó roinnt foinsí a shintéisiú.	Cinntí <ul style="list-style-type: none"> An bhfuil sé seo inghlactha? An mian linn foclaíocht ár siollabais a oiriúnú? +An bhfuil sé seo sa suíomh is oiriúnaí in ord an tsiollabais
Fadhbanna a leagan amach agus réitigh a mholadh	B2 In ann smaointe nó réitigh éagsúla ar fhadhb a mheas.	Cinntí <ul style="list-style-type: none"> An bhfuil sé seo inghlactha? An mian linn foclaíocht ár siollabais a oiriúnú? +An bhfuil sé seo sa suíomh is oiriúnaí in ord an tsiollabais?

D'fhéadfadh suíomh tuairisceora feidhmíochta sa bhanda uachtarach nó íochtarach den scála CCTE cabhrú leis an nGrúpa Cinnteoireachta seiceáil go bhfuil seicheamh an tsiollabais oiriúnach don ghrúpa foghlaimeoirí.

Seo thíos samplaí de roinnt pointí breise a d'fhéadfadh an Grúpa Cinnteoireachta bheith ag iarraidh a mheas sa ghníomhaíocht thuas.

- Is tuairisceoir C1 é seo, a d'fhéadfadh an Grúpa a chinneadh atá ábhartha nó a chlúdaítear sa siollabas:

In ann tuairimí a leathnú agus tacú leo go pointe áirithe le fo-phointí, cúiseanna agus samplaí ábhartha.

D'fhéadfadh an Grúpa cinneadh a dhéanamh é a chuimsiú agus beidh orthu cinneadh a dhéanamh ansin cá háit a rachaidh sé sa seicheamh, m.sh. Ag deireadh an chúrsa ldirmhéanaigh uachtaraigh

- Is é an tuairisceoir B2 seo a leanas an t-aon tuairisceoir nach mbaineann leis an siollabas de réir dealraimh::

In ann cur síos mionsonraithe a dhéanamh ar phróiseas casta

D'fhéadfadh an Grúpa cinneadh a dhéanamh an tuairisceoir seo a chur leis mar fho-scil nó é a fhágáil ar lár mar scil neamhriachtanach

- Is féidir leis an nGrúpa an tuairisceoir B1 seo a leanas a chur san áireamh mar athbhreithniú ó rang ag leibhéal níos ísle nó mar phointe tosaigh sa chúrsa Meánleibhéal:

In ann téacs a scríobh ar ábhar tráthúla is díol spéise pearsanta é, i dteanga shimplí chun buntáistí agus míbhuntáistí a liostú, agus tuairim a thabhairt agus a chosaint.

AGUISÍN A CÚIG: SAMHAIL B – SAMPLA DE SHONRÚ

Topaic ó bhunleabhar an chúrsa/sonra den siollabas: aimsir (áirítear gníomhaíochtaí chun foclóir aimsire a chleachtadh, gramadach/feidhmeanna don aimsir, scileanna labhartha & léitheoireachta

1. FIAFRAIGH:

Cad é an toradh foghlama foriomlán?

- Eolas ar thopaicí laethúla a thuiscint?
- Eolas faoin aimsir a thuiscint?
- Labhairt faoin aimsir mar atá sí?
- Labhairt faoin aimsir amach anseo?
- Scríobh faoin ngnáthaimsir i do thír féin

2. CINN AGUS SCRÍOBH AMACH TORADH/TORTHAÍ FOGHLAMA.

Féach nach é an topaic ar leith an fócas ach gur sampla é den chomhthéacs do thoradh foghlama.

Toradh foghlama samplach ó phointí ábhair an tsiollabais thuas:

An t-eolas is tábhachtaí a thuiscint i monalóga an-ghearra ar thopaicí laethúla (mar shampla: aimsir)

Ansin déantar curaclam ardleibhéil don chúrsa/ghrúpa foghlaimeoirí as liosta na dtorthaí foghlama

AGUISÍN A SÉ: SAMHAIL B – SAMPLA DE SHONRÚ E

Is iad na cinntí atá le déanamh ná teacht ar an meaitseáil is fearr i scálaí agus tuairisceoirí an CCTE do gach toradh foghlama sa churaclam atá cruthaithe ag an nGrúpa Cinnteoireachta.

Mar shampla in Aguisín a Cúig, d'fhéadfadh an Grúpa Cinnteoireachta na scálaí agus na tuairisceoirí feidhmíochta seo a leanas a aimsiú sa CCTE. Cé acu ceann is dlúithe atá ailínithe leis an toradh foghlama atá sonraithe?

Scálaí glacachta:

Meáin fuaime & taifeadtaí a thuiscint

A2: In ann faisnéis tábhachtach a bhaint as gearrchraoltaí (m.sh. réamhaisnéis na haimsire, fógraí ceolchoirme, torthaí spóirt), ar choinníoll go labhraíonn daoine go soiléir.

léitheoireacht ar mhaithe le faisnéis & argóint

A2: In ann príomhphointí téacsanna gearra a bhaineann le hábhair laethúla a thuiscint (m.sh., stíl mhaireachtála, caitheamh aimsire, spóirt, aimsir).

Bheadh an scála Fuaime ar an gceann is ábhartha agus dheimhneodh sé an leibhéal cuí.

Tá sé tábhachtach a mheabhrú nach é an topaic an fócas; b'fhéidir nach luafaí an topaic féin ach féadfar é a ghabháil faoi thagairtí cineálacha ar nós topaicí 'laethúla', topaicí 'teibí', topaicí 'nach bhfuil mórán cur amach againn' orthu.

IARSCRÍBHINN A DÓ: TREOIRLÍNTE DO MHEASÚNÚ IN OIDEACHAS MHÚINEADH AN BHÉARLA

1 RÉAMHRÁ

Leagann Cuid 7.2 den Chód ELE amach ceanglais maidir le córais mheasúnaithe. Ceanglaítear ar sholáthraithe ELE ar mian leo údarú a lorg chun an IEM a úsáid a léiriú::

- (a) Go bhfuil creat measúnaithe i bhfeidhm arb iad foireann acadúil shinsearach atá cáilithe go cuí agus a bhfuil taithí acu a cheap agus a bhainistíonn.
- (b) Tá an creat measúnaithe ailínithe go soiléir agus go dlúth leis na torthaí foghlama atá beartaithe do gach siollabas/clár cúrsa ELE, arna chur in iúl i dtuairisceoirí 'in ann' ón CCTE, nó arna n-oiriúnú ón CCTE.
- (c) Áirítear leis an gcreat measúnaithe meicníochtaí tástála atá cothrom, soiléir agus intuigthe, agus déantar machnamh maith ar phrionsabail na bailíochta, na hiontaofachta agus an tionchair.
- (d) Tá an creat measúnaithe curtha in oiriúint do riachtanais foghlaimeoirí, m.sh., ardoideachas nó fostaíocht, de réir mar is cuí.
- (e) Déantar an creat measúnaithe a nuashonrú de réir mar is cuí, ag brath ar chleachtais, cineálacha cur chuige agus riachtanais an fhoghlaimeora atá ag teacht chun cinn.
- (f) Is é an coiste um rialachas acadúil, nó an saineolaí seachtrach ELE, a fhorfhéasann an creat measúnaithe, de réir mar is cuí do chomhthéacs an tsoláthraí ELE, agus déantar formheasanna a dhoiciméadú.
- (g) Tá nósanna imeachta agus córais i bhfeidhm chun slándáil agus sláine an phróisis mheasúnaithe a bhainistiú.

Soláthraíonn an iarscríbhinn seo treoirínite do sholáthraithe ELE maidir le conas a gcreat measúnaithe a fhorbairt, nó a fhorbairt tuilleadh chun na ceanglais atá leagtha amach i gcuid 7.2 den Chód ELE agus na critéir atá leagtha .

1.1 Cuspóir na dTreoirínite do Mheasúnú in ELE

Tá sé mar aidhm ag na treoirínite seo tacaíocht a thabhairt do sholáthraithe agus do mhúinteoirí ELE lena chinntiú go bhfuil aon chineál measúnaithe ar an mBéarla a thairgtear cothrom, bailí agus iontaofa, agus go bhfuil tionchar dearfach aige ar fhoghlaimeoirí. Tugann na treoirínite breac-chuntas ar na cleachtais is fearr a bhfuil fianaise orthu maidir le measúnuithe a mheas agus a fhorbairt, agus cuireann siad cur chuige caighdeánaithe ar fáil le gur féidir le measúnuithe a bheith comhsheasmhach ó thaobh cáilíochta i measc na soláthraithe go léir.

Tá baol ann i gcónaí le measúnú ar bith go gcothófar imní agus buairt don duine atá á mheasúnú, sa chás seo, don fhoghlaimeoir. Tá oibleagáid eiticiúil ar aon duine a chuireann measúnú ar fáil a chinntiú go bhfuil an measúnú cothrom ó thaobh ábhair de, sa chaoi a

gcuirtear ar fáil é, sa chaoi a n-úsáidtear na scóir nó na torthaí agus in aon tionchar ar an bhfoghlaim. Míníonn na treoirlínte seo prionsabail (AERA & APA, 2014) nach mór a chur san áireamh le cothroime agus cosaint don fhoghlaim a chinntiú agus chun an foghlaim a chosaint, agus ag an am céanna sonraí úsáideacha iontaofa a sholáthar do mhúinteoirí agus do bhainisteoirí acadúla..

1.2 How to use the Guidelines for Assessment in ELE

Ba chóir don bhainisteoir acadúil nó don mhúinteoir sinsearach atá freagrach as bainistiú an mheasúnaithe i lárionad na treoirlínte seo a léamh ina n-iomláine. Ní mór d'úsáideoirí a chinntiú go léann agus go dtuigeann siad **3, Prionsabail an mheasúnaithe**, thíos, sula ndéanann siad iarracht measúnú a dhéanamh nó a dhearadh.


In uimh. **4, Tacú le measúnú éifeachtach**, thíos, leagtar amach na treoirlínte:

- an cur chuige agus na creataí chun triail atá ann cheana a mheas
- an próiseas chun triail nua a dhearadh

Tá cáilíocht aon mheasúnaithe bunaithe ar cé chomh maith agus a ghabhann sé na prionsabail, ach tá an cinneadh faoi seo bunaithe ar neart na hargóna. I bhfocail eile, níl aon triail ceart ná mícheart inti féin agus níl a leithéid de rud agus triail fhoirfe ann. Mar sin féin, ba cheart go mbeadh geallsealbhóirí ELE in ann argóint a dhéanamh ar son a oiriúnacht don fheidhm i lárionaid teanga. Mar sin, moltar do na baill foirne acadúla atá freagrach as measúnú cleachtadh a dhéanamh ar mheasúnuithe sula ndéanann siad iarracht a gcuid trialacha féin a dhearadh. Ba cheart go mbeadh sé d'aidhm acu freisin na cinntí a dhoiciméadú do gheallsealbhóirí eile, go himheánach agus go seachtrach.

2 CUIR CHUIGE I LEITH NA MEASÚNACHTA

Tá sé tábhachtach go bhféachtar ar an triail mar chuid de thimthriall an churaclaim agus an teagaisc agus go mbeadh sé fite fuaite leis an bpróiseas foghlama. Tá sé seo léirithe ag coincheap O'Sullivan maidir le Córas Cuimsitheach Foghlama (CLS) (2021).



Arna oiriúnú ó O'Sullivan, B. (2021) *The Comprehensive Learning System*, British Council, lch 8.

Tá go leor cineálacha éagsúla measúnaithe ann, ó bhreathnóireacht an mhúinteora ar fheidhmíocht an fhoghlaim go rialacha náisiúnta foirmiúil, caighdeánaithe. Is minic a thagraítear don chineál seo mar thriail ar ghealltaí ísle ar an taobh is neamhfhoirmiúla agus triail ar ghealltaí arda ar an taobh is foirmiúla. De ghnáth meastar gur rialacha a dhéantar sa seomra ranga iad na rialacha ar ghealltaí ísle, mar shampla, rialacha dul chun cinn nó rialacha diagnóiseacha. Is ionann rialacha ar ghealltaí arda agus measúnaithe a fhéadann tionchar a athraíonn an saol a bheith acu ar an té a théann faoin triail, mar shampla, áit a fháil in ollscoil nó in ionad oibre, nó ar mhaithe le hinimirce. Mar sin féin, bíonn tionchar ag gach triail ar an té a théann faoin triail, agus ar a bhféinmheas, mar sin, ní mór prionsabail a chur i bhfeidhm lena chinntiú go mbeidh an triail cothrom sula n-iarrtar ar fhoghlaimoirí páirt a ghlacadh inti.

Tá cineálacha éagsúla measúnaithe ann, agus baineann na cineálacha seo le cuspóir an mheasúnaithe:

- Socrúchán
- Diagnóis
- Dul chun cinn
- Gnóthachtáil
- Inniúlacht

Ó thaobh na hoideolaíochta de, feictear go bhfeidhmíonn na cineálacha éagsúla measúnaithe seo ar bhealach difriúil ó thaobh a dtionchar ar an bhfoghlaim. Go hiondúil is rialacha suimitheacha iad na rialacha foirmiúla gnóthachtála, ar nós na gcinn a dhéantar ag deireadh cláir, agus lena dtomhaistear an méid atá foghlamtha ag foghlaimoir, agus tugtar rialacha Measúnaithe ar an bhFoghlaim (MF) orthu. De ghnáth is meastóireachtaí foirmitheacha iad measúnuithe nach bhfuil chomh foirmiúil céanna agus a dhéantar mar chuid de chlár leanúnach le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn foghlaimoirí agus bonn eolais a chur faoin teagasc. Measúnú chun Foghlama (AFL) a thugtar orthu seo. Tarlaíonn sé seo go príomha toisc go bhfaigheann an foghlaimoir agus an múinteoir araon aiseolas ó na rialacha seo a ligeann dóibh a gcuid foghlama a choigeartú: déanann an foghlaimoir ghníomhaíochtaí chun scileanna teanga a fhorbairt tuilleadh nó déanann an múinteoir a ábhar teagasc nó a gcur chuige a choigeartú chun freastal ar riachtanais an fhoghlaimora. I bhfocail eile, bíonn an measúnú mar chuid de chlár foghlama an fhoghlaimora.

Ós rud é gur beag smacht atá ag an gcuid is mó de na soláthraithe ar thrialacha caighdeánaithe ard-inniúlachta mórscála ar ghealltaí arda, díríonn na treoirlínte seo go ginearálta ar thrialacha inmheánacha Measúnú ar an bhFoghlaim (AOL) (suimitheach) agus ar thrialacha Measúnú chun Foghlama (AFL) (foirmitheach) mar is iad na cineálacha rialacha seo a bheidh le breithniú nó le dearadh dá bhfoghlaimoirí ag bainisteoirí acadúla agus múinteoirí.

3 PRIONSABHAIL AN MHEASÚNAITHE

Bíonn éifeacht ag aon mheasúnú ar an té a théann faoin mheasúnú. B'fhéidir gurb é seo an teannas agus an strus a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le triail a dhéanamh nó mothúcháin dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann mura n-éiríonn leis an té a théann faoin triail. Dá bhrí sin, is freagracht eiticiúil é ar sholáthróirí a chinntiú go bhfuil gach measúnú – fiú iad siúd atá mar chuid den fhoghlaim – cothrom, soiléir agus intuigthe don té a théann faoin triail. Chun a chinntiú go bhfuil an measúnú cothrom, tá sraith prionsabal comhaontaithe i réimse na tástála oideachais nach mór a chur i bhfeidhm ar mheasúnú de chineál ar bith, is cuma cé chomh neamhfhoirmiúil is atá sé (AERA & APA, 2014). Tá prionsabail éagsúla ann ach is iad na trí cinn is tábhachtaí ina ndírítear ar chothroime ná Bailíocht, Iontaofacht agus Tionchar. Bainimid úsáid as na prionsabail seo chun trialacha a mheas agus a dhearadh. Is gá freisin praiticiúlacht a mheas lena chinntiú go bhfuil sé indéanta triail a chur ar fáil agus cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an triail ar bhailíocht agus/nó iontaofacht.

3.1 Bailíocht

Meastar anois gur prionsabal uileghabhálach í bailíocht a chuireann bunús le cáilíocht agus le chothroime na tástála. Is éard is brí le bailíocht a chinntiú go bhfuil comhsheasmhacht ann idir an rud a mhaítear atá á mheasúnú, agus an rud atá á mheasúnú i ndáiríre, i. go bhfuil na torthaí agus aon tátail a rinneadh bailí. Mar shampla, má cheanglaíonn triail éisteachta ar an té a rinne an triail téacs fada a léamh chun freagra a thabhairt, d'fhéadfaí a áitiú gurb í an léitheoireacht seachas an éisteacht atá á tástáil.

Baineann bailíocht freisin le cé chomh fada agus a léiríonn an triail úsáid sprioctheanga (TLU) an té a chuaigh faoin triail. Mar shampla, má tá an té a bheas ag dul faoin triail chun a gcuid Béarla a úsáid i suíomh acadúil, ba cheart go léireodh an triail na cineálacha tascanna atá barántúil don suíomh sin, mar shampla éisteacht le haghaidh sonraí laistigh de thasc, i gcás inar gá don té sin nótaí a thógáil i léacht.

Mar sin, seo a leanas sampla de dhea-thasc tástála:

- Is tasc barántúil é agus is tasc é a d'fhéadfadh an té a bheas ag dul faoin triail a dhéanamh i seomra ranga nuair nach mbeadh teanga á foghlaim nó sa saol lasmuigh den seomra ranga
- ní mheasúnaítear a tasc ach na scileanna nó an úsáid teanga atá sé ceaptha a thomhas.

3.2 Iontaofacht

Baineann an prionsabal seo le cé chomh hiontaofa agus atá na scóir thástála agus cibé an bhfuil siad comhsheasmhach le himeacht ama nó nach bhfuil agus le cohóirt chomhchosúla de dhaoine eile a théann faoin triail chéanna. Tá tábhacht leis an iontaofacht toisc go bhfuil tionchar aige ar cibé an féidir tátail shlána a bhaint as torthaí na tástála. Mar shampla, má dhéanann beirt mhúinteoirí triail scríbhneoireachta a mharcáil, tá sé tábhachtach go mbeadh a gcuid scór ag teacht lena chéile; má chuirtear ceisteanna oscailte i dtríail léitheoireachta ina gcaithfidh na daoine a théann faoin triail freagraí fada

a scríobh, teastaíonn eochair chaighdeánaithe do na freagraí, ionas gur féidir na freagraí go léir a mheas i gcomórtas le sraith critéar.

3.3 Tionchar

Ciallaíonn tionchar éifeacht nó iarmhairtí na trialach ar an té a théann faoin triail agus ar gheallsealbhoirí eile, m.sh., an múinteoir, na tuismitheoirí agus an IAO. Tá an prionsabal seo tábhachtach toisc go mbaineann sé go príomha leis an té a théann faoin triail a chosaint ar thionchar diúltach. Go ginearálta, bíonn tionchar suntasach ag torthaí trialach ar an gcleachtas sa seomra ranga trí thionchar a imirt ar an gcineál tascanna ranga nó gníomhaíochtaí a bheartaítear le hullmhú don triail. An cúltionchar a thugtar air sin (Alderson & Balla, 1993). Ach féadfaidh measúnuithe beaga seomra ranga fiú tionchar diúltach a imirt ar an té a théann faoin mheasúnú. Mar shampla, mura mbíonn dóthain ag na daltaí leis an triail a chríochnú, nó mura dtuigeann siad cuspóir na trialach nó na critéir mharcála, is féidir go mbeidh mearbhall nó easpa inspreagtha orthu ag an deireadh. Ciallaíonn sé seo nach mór aon mheasúnú nó tasc measúnaithe a sheiceáil lena chinntiú gur beag riosca atá ann go mbeidh tionchar diúltach aige ar na daltaí.


Sampla de thasc measúnaithe maith is ea triail ina mbeadh na nithe seo a leanas amhlaidh don té a théadh faoin triail:

An example of a good assessment task would be one where the test taker:

- ullmhúchán soiléir leordhóthanach don triail;
- tuiscint ar an measúnú;
- In ann ciall a bhaint as an tasc ina saol lasmuigh den seomra ranga;
- In ann an tasc measúnaithe a cheangal le foghlaim roimhe seo.

3.4 An gaol idir na trí phrionsabales

Aithnítear sa i ndearcadh na linne seo ar na prionsabail seo (Fulcher, 2013) go n-oibríonn siad le chéile ina n-iomláine agus go mbíonn tionchar acu ar a chéile, ionas go mbíonn éifeacht acu ar bhailíocht iomlán na tástála. Mar shampla, mura léiríonn an tasc tástála úsáid sprioctheanga na bhfoghlaimeoirí (TLU) san fhíorshaol, d'fhéadfadh sé nach n-éireodh go maith leo agus go mbeadh na torthaí neamhiontaofa. Mar an gcéanna, má thugtar triail éisteachta gan dóthain ama a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí ceisteanna a léamh nó freagraí a scríobh, d'fhéadfadh sé go gcuirfí scaoll orthu, rud a chuirfeadh isteach ar a gcumas fuaimthéacs a phróiseáil. Sa deireadh is é an rud a bheadh á thástáil inniúlacht an fhoghlaimeora i straitéisí tástála seachas an cumas éisteachta agus mar sin ní bheadh sé bailí.



Ba chóir na trí phrionsabal a chur san áireamh le chéile agus aon ghníomhaíocht mheasúnaithe á dhearadh nó á mheas lena chinntiú go bhfuil an ghníomhaíocht cothrom do dóibh siúd a rachaidh faoin triail agus go mbeidh na torthaí iontaofa agus úsáideach as sin d'fhoghlaimoirí agus do mhúinteoirí araon.

Tá sé tábhachtach freisin ceisteanna praiticiúlachta a mheas, mar shampla an dteastaíonn, mar shampla, seomra príobháideach nó seomra ciúin le haghaidh measúnaithe labhartha, nó an bhfuil múinteoirí ar fáil chun triail ilroghnach a mharcáil. Ní mór na saincheisteanna praiticiúla seo a chothromú le bailíocht, iontaofacht agus tionchar. Mar shampla, b'fhearr go ndéanfadh beirt mhúinteoirí triail scríbhneoireachta a mharcáil ó thaobh iontaofachta de, ach b'fhéidir nach mbeadh sé seo praiticiúil leis na hacmhainní scoile atá ar fáil. Ní a leithéid de rud agus triail fhoirfe ann, ach tá sé tábhachtach go mbunófaí gach measúnú ar phrionsabail na tástála ionas go dtabharfar an triail is cothroime is féidir i ngach cás, ionas gur féidir aon riosca féideartha a mheas, agus go mbeidh na torthaí iontaofa.

(Féach Aguisín a Dó do shampla ina ndéantar ceisteanna bailíochta agus iontaofachta a aithint le tascanna measúnaithe scileanna táirgíúla.)

ACHOIMRE

CÉARD A THEASTÁIONN DO MHEASÚNÚ ÉIFEACHTACH TEANGA?

- ✓ gan tuairisciú a dhéanamh ach ar na scileanna atá sé ceaptha a thástáil
- ✓ ionadaíocht a dhéanamh ar na scileanna atá de dhíth san fhíorshaol
- ✓ feidhmíocht dhóchúil an fhoghlaimora sa domhan lasmuigh den seomra ranga a thuar
- ✓ an deis chéanna a thabhairt don uile dhuine chun na scileanna nó an t-eolas atá á thástáil a léiriú
- ✓ marcáil chomhsheasmhach: má mharcálann beirt mhúinteoirí an triail chéanna, ba cheart go mbeadh na torthaí céanna acu.

4 TACÚ LE MEASÚNÚ ÉIFEACHTACHT

4.1 Measúnú atá ann cheana a mheas

Cé atá páirteach?

Agus measúnú á dhéanamh, is smaoineamh maith é roinnt comhoibrithe a cheadú sa phróiseas, fiú mura bhfuil i gceist anseo ach é a phlé le comhghleacaí eile. I gcás measúnuithe ar dócha go ndéanfar iad a dhearadh go hinmheánach, amhail trialacha socrúcháin nó trialacha dul chun cinn, ba cheart go mbeadh múinteoirí a oibríonn le gach leibhéal CTE páirteach san athbhreithniú ar oiriúnacht na dtrialacha. Má úsáidtear trialacha dul chun cinn as ábhar foilsithe i leabhair chúrsa, b'fhéidir gur mhaith le múinteoirí na trialacha seo a athbhreithniú le chéile agus a gcuid léirmheasanna a dhoiciméadú d'úsáideoirí an ábhair amach anseo. Ba chóir go mbeadh sé mar chuid den mheastóireacht freisin seiceáil a dhéanamh go bhfuil an gaol idir an triail/na trialacha atá faoi athbhreithniú agus cinn eile sa chóras measúnaithe scoile comhleanúnach agus loighciúil. Fiú i gcás trialacha atá á ndéanamh ag an múinteoir mar chuid de phróiseas leanúnach sa seomra ranga, is smaoineamh maith é mar sin féin dul i gcomhairle le comhghleacaí amháin eile ar a laghad, le duine a mhúineann an leibhéal céanna, más féidir.

Conas measúnú a dhéanamh

Trí leas a bhaint as na trí phrionsabal atá leagtha amach thuas i 3, is féidir le hathbhreithneoirí sraith ceisteanna a chur chun cáilíocht agus oiriúnacht na trialach a chinneadh. Ba cheart don phróiseas athbhreithnithe freisin

